**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0411/2023**

7.12.2023

# ***I
# TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le réamhfhaisnéis faoi phaisinéirí a bhailiú agus a aistriú chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/818
(COM(2022)0731 – C9-0427/2022 – 2022/0425(COD))

an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Assita Kanko



*Aontaithe san éagsúlacht*

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ........................................................................................87

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR ...........................................................................................................91

TUAIRIM ÓN GCOISTE UM IOMPAR AGUS UM THURASÓIREACHT .........................93

AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH ..................................................112

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH......113

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le réamhfhaisnéis faoi phaisinéirí a bhailiú agus a aistriú chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/818 (COM(2022)0731 – C9-0427/2022 – 2022/0425(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0731),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 82(1) pointe (d) agus d'Airteagal 87(2) pointe (a) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra don Pharlaimint (C9-0427/2022),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do thuairim ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0411/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Éilíonn gné thrasnáisiúnta na coireachta tromchúisí agus eagraithe agus bagairt leanúnach na n-ionsaithe sceimhlitheoireachta san Eoraip go ndéanfaí gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais chun bearta iomchuí a ghlacadh chun slándáil a áirithiú laistigh de limistéar saoirse, slándála agus ceartais gan teorainneacha inmheánacha. Tá faisnéis ar ***thaistealaithe*** aeir, amhail Taifid ar Ainmneacha Paisinéirí (PNR) agus go háirithe Réamheolas faoi Phaisinéirí (API), ríthábhachtach chun ***taistealaithe*** ardriosca a shainaithint, lena n-áirítear iad siúd nach eol d'údaráis forfheidhmithe dlí ar shlí eile, agus chun naisc a bhunú idir baill de ghrúpaí coiriúla, agus chun gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta a chomhrac. | (1) Éilíonn gné thrasnáisiúnta na coireachta tromchúisí agus eagraithe agus bagairt leanúnach na n-ionsaithe sceimhlitheoireachta san Eoraip go ndéanfaí gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais chun bearta iomchuí a ghlacadh chun slándáil a áirithiú laistigh de limistéar saoirse, slándála agus ceartais gan teorainneacha inmheánacha. Tá faisnéis ar ***phaisinéirí*** aeir, amhail Taifid ar Ainmneacha Paisinéirí (PNR) agus go háirithe Réamheolas faoi Phaisinéirí (API), ríthábhachtach chun ***paisinéirí*** ardriosca a shainaithint, lena n-áirítear iad siúd nach eol d'údaráis forfheidhmithe dlí ar shlí eile, agus chun naisc a bhunú idir baill de ghrúpaí coiriúla, agus chun gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta a chomhrac. |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Cé go mbunaítear creat dlíthiúil le Treoir 2004/82/CE[27] ón gComhairle chun sonraí API a bhailiú agus a aistriú ag aeriompróirí le haghaidh rialuithe teorann a fheabhsú agus inimirce mhídhleathach a chomhrac, sonraítear ann freisin go bhféadfaidh na Ballstáit sonraí API a úsáid chun críche forfheidhmiú an dlí. Mar sin féin, is ann do roinnt bearnaí agus easnaimh nuair nach ndéantar ach féidearthacht den sórt sin a chruthú agus an méid sin amháin. Ciallaíonn sé go háirithe, ***in ainneoin a ábharthacht chun críche forfheidhmiú an dlí,*** nach ndéanann aeriompróirí sonraí API a bhailiú agus a aistriú chun ***na gcríoch sin i ngach cás***. Ciallaíonn sé freisin, i gcás inar ghníomhaigh na Ballstáit ar an bhféidearthacht, go bhfuil ceanglais | (2) Cé go mbunaítear creat dlíthiúil le Treoir 2004/82/CE[27] ón gComhairle chun sonraí API a bhailiú agus a aistriú ag aeriompróirí le haghaidh rialuithe teorann a fheabhsú agus inimirce mhídhleathach a chomhrac, sonraítear ann freisin go bhféadfaidh na Ballstáit sonraí API a úsáid chun críche forfheidhmiú an dlí. Mar sin féin, is ann do roinnt bearnaí agus easnaimh nuair nach ndéantar ach féidearthacht den sórt sin a chruthú agus an méid sin amháin. Ciallaíonn sé go háirithe, nach ndéanann aeriompróirí sonraí API a bhailiú agus a aistriú ***go sórasach*** chun ***críocha fhorfheidhmiú an dlí***. Ciallaíonn sé freisin, i gcás inar ghníomhaigh na Ballstáit ar an bhféidearthacht, go bhfuil ceanglais dhifriúla ag aeriompróirí faoin dlí náisiúnta maidir leis an uair agus maidir |

| | |
|---|---|
| dhifriúla ag aeriompróirí faoin dlí náisiúnta maidir leis an uair agus maidir leis an gcaoi sonraí API a bhailiú agus a aistriú chun na críche sin. Ní hamháin go dtagann costais agus castachtaí neamhriachtanacha ar na haeriompróirí mar thoradh ar na héagsúlachtaí sin, ach ***déanann siad dochar*** freisin ***do*** shlándáil inmheánach an Aontais agus ***don chomhar*** éifeachtach idir na húdaráis inniúla um fhorfheidhmiú an dlí. Ina theannta sin, i bhfianaise chineál éagsúil na gcríoch chun rialuithe teorann agus forghníomhú an dlí a éascú, is iomchuí creat dlíthiúil ar leith a bhunú chun sonraí API a bhailiú agus a aistriú do gach ceann de na críocha sin. | leis an gcaoi sonraí API a bhailiú agus a aistriú chun na críche sin. Ní hamháin go dtagann costais agus castachtaí neamhriachtanacha ar na haeriompróirí mar thoradh ar na héagsúlachtaí sin, ach ***is féidir tionchar diúltach a bheith acu*** freisin ***ar*** shlándáil inmheánach an Aontais agus ***an comhar*** éifeachtach idir na húdaráis inniúla um fhorfheidhmiú an dlí ***a dhéanamh casta***. Ina theannta sin, i bhfianaise chineál éagsúil na gcríoch chun rialuithe teorann agus forghníomhú an dlí a éascú, is iomchuí creat dlíthiúil ar leith a bhunú chun sonraí API a bhailiú agus a aistriú do gach ceann de na críocha sin. |
| __________________ | __________________ |
| [27] Treoir 2004/82/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir leis an oibleagáid ar iompróirí sonraí paisinéirí a chur in iúl (IO L 261, 6.8.2004, lch. 24). | [27] Treoir 2004/82/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir leis an oibleagáid ar iompróirí sonraí paisinéirí a chur in iúl (IO L 261, 6.8.2004, lch. 24). |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Is gá, dá bhrí sin, rialacha soiléire, comhchuibhithe agus éifeachtacha a bhunú ar leibhéal an Aontais maidir le bailiú agus aistriú sonraí API chun críocha cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh. | (4) Is gá, dá bhrí sin, rialacha soiléire, comhchuibhithe agus éifeachtacha a bhunú ar leibhéal an Aontais maidir le bailiú agus aistriú sonraí API chun críocha cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh. |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Ós rud é go bhfuil dlúthbhaint idir | (5) Ós rud é go bhfuil dlúthbhaint idir |

| | |
|---|---|
| an dá ghníomh, ba cheart a thuiscint go gcomhlánaítear na rialacha dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2016/681 leis an Rialachán seo. Dá bhrí sin, tá sonraí API le bailiú agus le haistriú i gcomhréir le ceanglais shonracha an Rialacháin seo, lena n-áirítear na ceanglais maidir leis na cásanna agus an modh ina ndéanfar sin. Mar sin féin, tá feidhm ag rialacha na Treorach sin maidir le hábhair nach gcumhdaítear go sonrach leis an Rialachán seo, go háirithe na rialacha ***maidir*** le próiseáil iardain na sonraí API a fhaigheann na PIUnna, malartú faisnéise idir na Ballstáit, coinníollacha rochtana ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol), aistrithe chuig tríú tíortha, coinneáil agus dípearsanú sonraí, chomh maith le cosaint sonraí pearsanta. A mhéid a bhfuil feidhm ag na rialacha sin, tá feidhm freisin ag rialacha na Treorach sin maidir le pionóis agus maidir le maoirseacht ag na húdaráis náisiúnta. Ba cheart nach ndéanfaí difear leis an Rialachán seo do na rialacha sin. | an dá ghníomh, ba cheart a thuiscint go gcomhlánaítear na rialacha dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2016/681 leis an Rialachán seo. Dá bhrí sin, tá sonraí API le bailiú agus le haistriú i gcomhréir le ceanglais shonracha an Rialacháin seo, lena n-áirítear na ceanglais maidir leis na cásanna agus an modh ina ndéanfar sin. Mar sin féin, tá feidhm ag rialacha na Treorach sin maidir le hábhair nach gcumhdaítear go sonrach leis an Rialachán seo, go háirithe ***maidir leis*** na rialacha ***a bhaineann*** le próiseáil iardain na sonraí API a fhaigheann na PIUnna, malartú faisnéise idir na Ballstáit, coinníollacha rochtana ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol), aistrithe chuig tríú tíortha, coinneáil agus dípearsanú sonraí, chomh maith le cosaint sonraí pearsanta. A mhéid a bhfuil feidhm ag na rialacha sin, tá feidhm freisin ag rialacha na Treorach sin maidir le pionóis agus maidir le maoirseacht ag na húdaráis náisiúnta. Ba cheart nach ndéanfaí difear leis an Rialachán seo do na rialacha sin. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Déanann bailiú agus aistriú sonraí API difear do phríobháideachas daoine aonair agus bíonn próiseáil sonraí pearsanta i gceist leis. Chun ***cearta*** bunúsacha a urramú go hiomlán, go háirithe an ceart go n-urramófaí an saol príobháideach agus an ceart go ndéanfaí sonraí pearsanta a chosaint, i gcomhréir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'), ba cheart foráil a dhéanamh maidir le teorainneacha agus coimircí leordhóthanacha. Ba cheart, go háirithe, aon phróiseáil ar shonraí API agus, go háirithe, ***sonraí*** API ar sonraí pearsanta iad, ***a bheith*** teoranta don mhéid | (6) Déanann bailiú agus aistriú sonraí API difear do phríobháideachas daoine aonair agus bíonn próiseáil ***a*** sonraí pearsanta i gceist leis. Chun ***a gcearta*** bunúsacha a urramú go hiomlán, go háirithe an ceart go n-urramófaí an saol príobháideach agus an ceart go ndéanfaí sonraí pearsanta a chosaint, i gcomhréir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'), ba cheart foráil a dhéanamh maidir le teorainneacha agus coimircí leordhóthanacha. Ba cheart, go háirithe, ***go mbeadh*** aon phróiseáil ar shonraí API agus, go háirithe, ***ar shonraí*** API ar sonraí pearsanta iad, ***fós*** teoranta ***go*** |

| | |
|---|---|
| ***atá riachtanach*** chun na cuspóirí a ***shaothraítear*** leis an Rialachán seo ***agus*** a ***bheidh comhréireach chun na cuspóirí sin a*** bhaint amach. Ina theannta sin, ba cheart a áirithiú nach dtiocfaidh aon chineál idirdhealaithe atá toirmiscthe faoin ***Chairt as an API a bhailítear*** agus ***a aistrítear*** faoin Rialachán seo. | ***docht*** don mhéid ***is gá*** chun na cuspóirí a ***dtugtar fúthu*** leis an Rialachán seo a bhaint amach ***agus a bheith comhréireach leis sin***. Ina theannta sin, ba cheart a áirithiú nach dtiocfaidh aon chineál idirdhealaithe atá toirmiscthe faoin ***gCairt as próiseáil aon sonraí API arna na mbailiú*** agus ***arna n-aistriú*** faoin Rialachán seo. |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) I bhfianaise chineál comhlántach an Rialacháin seo i ndáil le Treoir (AE) 2016/681, ba cheart go mbeadh feidhm ag oibleagáidí na n-aeriompróirí faoin Rialachán seo maidir leis na heitiltí go léir a bhfuil Ballstáit le ceangal a chur ar aeriompróirí sonraí PNR a tharchur ina leith faoi Threoir (AE)-2016/681, eadhon eitiltí, lena n-áirítear eitiltí sceidealta agus neamhsceidealta araon, idir Ballstáit agus tríú tíortha (eitiltí lasmuigh den Aontas), agus idir roinnt Ballstát (eitiltí laistigh den Aontas) a mhéid a rinneadh na heitiltí sin a roghnú i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/681, gan beann ar áit bhunaíochta na n-aeriompróirí a sheolann na heitiltí sin. | (7) I bhfianaise chineál comhlántach an Rialacháin seo i ndáil le Treoir (AE) 2016/681, ba cheart go mbeadh feidhm ag oibleagáidí na n-aeriompróirí ***tráchtála*** faoin Rialachán seo maidir leis na heitiltí go léir a bhfuil Ballstáit le ceangal a chur ar aeriompróirí sonraí PNR a tharchur ina leith faoi Threoir (AE)-2016/681, eadhon eitiltí, lena n-áirítear eitiltí sceidealta agus neamhsceidealta araon, idir Ballstáit agus tríú tíortha (eitiltí lasmuigh den Aontas), agus idir roinnt Ballstát (eitiltí laistigh den Aontas) a mhéid a rinneadh na heitiltí sin a roghnú i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/681, gan beann ar áit bhunaíochta na n-aeriompróirí a sheolann na heitiltí sin. ***I gcomhréir leis na haicmithe ICAO ábhartha, ba cheart eitlíocht ghinearálta amhail scoileanna eitilte, eitiltí míleata nó leighis, a dhíolmhú ón Rialachán seo.*** |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) I bhfianaise an dlúthcheangail atá idir gníomhartha dhlí an Aontais lena mbaineann agus ar mhaithe le comhsheasmhacht agus comhleanúnachas, ba cheart na sainmhínithe atá ***leagtha*** amach i dTreoir (AE) 2016/681 agus i Rialachán (AE) [Rialachán maidir le bainistiú teorann API][29] agus iad a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm i bhfianaise na sainmhínithe sin. | (9) I bhfianaise an dlúthcheangail atá idir gníomhartha dhlí an Aontais lena mbaineann agus ar mhaithe le comhsheasmhacht agus comhleanúnachas, ba cheart na sainmhínithe atá ***leagtar*** amach ***sa Rialachán seo a ailíniú leis na sainmhínithe a leagtar amach*** i dTreoir (AE) 2016/681 agus i Rialachán (AE) [Rialachán maidir le bainistiú teorann API][29] agus iad a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm i bhfianaise na sainmhínithe sin. |

[29] IO C , , lch. .

[29] IO C , , lch. .

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Go háirithe, ba cheart ***gurb iad*** na hítimí faisnéise arb éard ***iad*** i gcomhpháirt na sonraí API atá le bailiú agus le haistriú ina dhiaidh sin faoin Rialachán seo na sonraí sin atá liostaithe go soiléir agus go cuimsitheach i Rialachán (AE) API [Rialachán maidir le bainistiú teorann], lena gcumhdaítear faisnéis a bhaineann le gach paisinéir agus faisnéis maidir le heitilt an ***taistealaí*** sin. Faoin Rialachán seo, níor cheart go gcumhdófaí le faisnéis eitilte den sórt sin faisnéis maidir leis an bpointe trasnaithe teorann ar theacht isteach i gcríoch an Bhallstáit lena mbaineann ach amháin nuair is infheidhme sin, is é sin, níor cheart sin i gcás ina mbaineann na sonraí API le heitiltí laistigh den Aontas. | (10) Go háirithe, ba cheart ***go mb'ionann*** na hítimí faisnéise arb éard ***atá iontu*** i gcomhpháirt na sonraí API atá le bailiú agus le haistriú ina dhiaidh sin faoin Rialachán seo ***agus*** na sonraí sin atá liostaithe go soiléir agus go cuimsitheach i Rialachán (AE) API [Rialachán maidir le bainistiú teorann], lena gcumhdaítear faisnéis a bhaineann le gach paisinéir agus faisnéis maidir le heitilt an ***phaisinéara*** sin. Faoin Rialachán seo, níor cheart go gcumhdófaí le faisnéis eitilte den sórt sin faisnéis maidir leis an bpointe trasnaithe teorann ar theacht isteach i gcríoch an Bhallstáit lena mbaineann ach amháin nuair is infheidhme sin, is é sin, níor cheart sin i gcás ina mbaineann na sonraí API le heitiltí laistigh den Aontas. |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Chun cur chuige comhsheasmhach a áirithiú maidir le bailiú agus aistriú sonraí API ag aeriompróirí ***a oiread agus is féidir***, ba cheart na rialacha a leagtar amach sa Rialachán seo a ailíniú leis na rialacha a leagtar amach i Rialachán (AE) [an rialachán maidir le bainistiú teorann API] i gcás inarb iomchuí. Baineann ***sé*** sin, go háirithe, leis na rialacha maidir le cáilíocht sonraí, an ***úsáid a bhaineann na haeriompróirí as modhanna uathoibrithe le haghaidh bailiú den sórt sin, an bealach*** beacht ina n-aistreoidh siad na sonraí API ***arna mbailiú*** chuig an ródaire agus le scriosadh na sonraí API. | (11) Chun cur chuige ***atá chomh*** comhsheasmhach ***agus is féidir*** a áirithiú maidir le bailiú agus aistriú sonraí API ag aeriompróirí, ba cheart na rialacha a leagtar amach sa Rialachán seo a ailíniú leis na rialacha a leagtar amach i Rialachán (AE) [an rialachán maidir le bainistiú teorann API] i gcás inarb iomchuí. Baineann ***an t-ailíniú*** sin, go háirithe, leis na rialacha maidir le cáilíocht sonraí, ***leis*** an ***mbealach*** beacht ina n-aistreoidh siad na sonraí API ***a bailíodh*** chuig an ródaire***, le criptiú sonraí API faoi bhealach,*** agus le scriosadh na sonraí API. ***Ina theannta sin, agus mar a leagtar amach sa Rialachán seo agus i Rialachán (AE) [bainistiú teorainneacha API], ba cheart a cheangal ar aeriompróirí sonraí API a bhailiú trí mhodhanna uathoibrithe, go háirithe trí fhaisnéis a léamh ó shonraí meaisín-inléite an doiciméid taistil. I gcás nach féidir modhanna uathoibrithe den sórt sin a úsáid, áfach, ba cheart d'aeriompróirí na sonraí API a bhailiú de láimh, mar chuid den phróiseas seiceála isteach ar líne, nó mar chuid den tseiceáil isteach ag an aerfort, ar bhealach a áiritheoidh go gcomhlíonfar a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo.*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(11a) Ba cheart bailiú sonraí API trí mhodhanna uathoibrithe a theorannú go docht do na sonraí alfa-uimhriúla atá sa doiciméad taistil agus níor cheart bailiú*** |

| | |
|---|---|
| | ***aon sonraí bithmhéadracha uaidh a bheith mar thoradh air. Ós rud é gur cuid den phróiseas seiceála isteach é bailiú sonraí API, bíodh sin ar líne nó ag an aerfort, níor cheart oibleagáid a bheith ar aeriompróirí doiciméad taistil an phaisinéara a sheiceáil tráth na bordála. Níor cheart go n-áireofaí le comhlíonadh an Rialacháin seo aon oibleagáid ar phaisinéir doiciméad taistil a iompar tráth na bordála.*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(11b) Ba cheart gurbh é a thiocfadh as na ceanglais a leagtar amach leis an Rialachán seo agus leis na gníomhartha tarmligthe comhfhreagracha ná cur chun feidhme aonfhoirmeach ag na haerlínte, agus ar an gcaoi sin, íoslaghdú an chostais a bhaineann le hidirnascadh a gcóras faoi seach. Chun cur chun feidhme comhchuibhithe na gceanglas sin ag na haerlínte a éascú, go háirithe maidir le struchtúr sonraí, formáid agus prótacal tarchurtha, ba cheart don Choimisiún, bunaithe ar a chomhar leis na PIUnna, le húdaráis eile de chuid na mBallstát, le haeriompróirí agus le gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, a áirithiú go soláthraítear sa lámhleabhar praiticiúil atá le hullmhú ag an gCoimisiún an treoir agus na soiléirithe uile is gá.*** |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(11c) Chun cáilíocht na sonraí a fheabhsú, ba cheart don ródaire a fhíorú an gcomhlíonann na sonraí API a d'aistrigh na haeriompróirí chuige na formáidí sonraí tacaithe. I gcás ina mbeidh sé fíoraithe ag an ródaire nach bhfuil na sonraí i gcomhréir leis na formáidí sonraí tacaithe, ba cheart don ródaire fógra faoi sin a thabhairt láithreach agus ar bhealach uathoibrithe don aeriompróir lena mbaineann.*** |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(11d) Chun an tionchar ar aeriompróirí a laghdú, agus d'fhonn sineirgí a chruthú le hoibleagáidí tuairiscithe eile ar aeriompróirí i Rialachán (AE) 2017/2226, Rialachán (AE) 2018/1240 agus Rialachán (CE) 767/2008 agus dúbláil a sheachaint, ba cheart d'aeriompróirí na sonraí API a aistriú tráth na seiceála isteach ar gach paisinéir trí API idirghníomhach i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta, agus an geata iompróra atá ann cheana á úsáid acu. Ba cheart go bhfaigheadh aeriompróirí admháil fála chuig aistriú API idirghníomhach, i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta. Níor cheart cead bordála a dhiúltú go huathoibríoch mar thoradh ar úsáid API idirghníomhaigh.*** |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11 e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(11e) Ba cheart go gcuirfí ar chumas na bpaisinéirí sonraí API áirithe a sholáthar iad féin le linn próiseas seiceála isteach ar líne. D'fhéadfadh, mar shampla, aip shlán ar fhón cliste paisinéara, ar ríomhaire nó ar cheamara gréasáin lena bhféadfaí sonraí meaisín-inléite an doiciméid taistil a léamh a bheith i gceist le modhanna den sórt sin. I gcás nár sheiceáil na paisinéirí isteach ar líne, ba cheart go dtabharfadh aeriompróirí an deis dóibh na sonraí API meaisín-inléite is gá lena mbaineann a sholáthar le linn seiceáil isteach ag an aerfort le cúnamh ó bhoth féinseirbhíse nó ó bhall foirne aerlíne ag an gcuntar seiceála isteach. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú nach mbeidh mar thoradh ar na hoibleagáidí faoin Rialachán seo go mbeidh bacainní díréireacha ar phaisinéirí nach bhfuil in ann modhanna ar líne a úsáid le haghaidh seiceáil isteach uathoibrithe, amhail táillí breise seiceála isteach ag aerfoirt.*** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11 f (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(11f) Níor cheart go mbeadh tionchar diúltach ag na córais uathoibríocha bailithe sonraí agus ag na próisis eile a bhunaítear faoin Rialachán seo ar na fostaithe i dtionscal na heitlíochta, ar fostaithe iad gur cheart dóibh tairbhe a bhaint as deiseanna uas-scilithe agus athscilithe a mhéadódh éifeachtúlacht agus iontaofacht an bhailithe agus an aistrithe sonraí chomh maith leis na dálaí oibre san earnáil.*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Chun comhphróiseáil sonraí API agus sonraí PNR a áirithiú chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht thromchúiseach san Aontas a chomhrac go héifeachtach agus ag an am céanna an cur isteach ar chearta bunúsacha na bpaisinéirí a chosnaítear faoin gCairt a íoslaghdú, ba cheart gurb iad na PIUnna na húdaráis inniúla sna Ballstáit a gcuirtear de chúram orthu sonraí API arna mbailiú agus arna aistriú faoin Rialachán seo a fháil, agus a phróiseáil agus a chosaint tuilleadh ina dhiaidh sin. Ar mhaithe le héifeachtúlacht agus chun aon rioscaí slándála a íoslaghdú, ba cheart na sonraí API, arna mbailiú agus arna n-aistriú chuige ag na haeriompróirí faoin Rialachán seo, a tharchur chuig na PIUnna ábhartha leis an ródaire, arna dhearadh, arna fhorbairt, arna óstáil agus arna chothabháil go teicniúil ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Oibríochtúil ar Chórais TF ar Mhórscála sa Réimse Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) i gcomhréir le Rialachán (AE) [an Rialachán maidir le bainistiú teorann API]. I bhfianaise an leibhéil chosanta is gá do shonraí API ar sonraí pearsanta iad, lena n-áirítear chun rúndacht na faisnéise lena mbaineann a áirithiú, ba cheart don ródaire na sonraí API a tharchur chuig na PIUnna ábhartha ar mhodh uathoibrithe. | (12) Chun comhphróiseáil sonraí API agus sonraí PNR a áirithiú chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht thromchúiseach san Aontas a chomhrac go héifeachtach agus ag an am céanna an cur isteach ar chearta bunúsacha na bpaisinéirí a chosnaítear faoin gCairt a íoslaghdú, ba cheart gurb iad na PIUnna ***amháin*** na húdaráis inniúla sna Ballstáit a gcuirtear de chúram orthu sonraí API arna mbailiú agus arna aistriú faoin Rialachán seo a fháil, agus a phróiseáil agus a chosaint tuilleadh ina dhiaidh sin. Ar mhaithe le héifeachtúlacht agus chun aon rioscaí slándála a íoslaghdú, ba cheart na sonraí API, arna mbailiú agus arna n-aistriú chuige ag na haeriompróirí faoin Rialachán seo, a tharchur chuig na PIUnna ábhartha leis an ródaire, arna dhearadh, arna fhorbairt, arna óstáil agus arna chothabháil go teicniúil ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Oibríochtúil ar Chórais TF ar Mhórscála sa Réimse Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) i gcomhréir le Rialachán (AE) [an Rialachán maidir le bainistiú teorann API]. I bhfianaise an leibhéil chosanta is gá do shonraí API ar sonraí pearsanta iad, lena n-áirítear chun rúndacht na faisnéise lena mbaineann a áirithiú, ba cheart don ródaire na sonraí API a tharchur chuig na PIUnna ábhartha ar mhodh uathoibrithe. |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(12a) D'fhonn comhlíonadh na gceart dá bhforáiltear faoin gCairt a ráthú agus d'fhonn roghanna taistil inrochtana agus cuimsitheacha a áirithiú, go háirithe do ghrúpaí leochaileacha agus do dhaoine faoi mhíchumas, ba cheart d'aeriompróirí, le tacaíocht ó na Ballstáit, a áirithiú go mbeidh rogha mhalartach as líne ann don tseiceáil isteach agus do sholáthar na sonraí riachtanacha ag na paisinéirí i gcónaí.*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (13) I gcás eitiltí amach as an Eoraip, ba cheart go bhfaigheadh PIU an Bhallstáit a dtiocfaidh an eitilt i dtír ar a chríoch ***agus nó ón gcríoch*** a n-imeoidh an eitilt ***as a*** chríoch na sonraí API ón ródaire le haghaidh na n-eitiltí sin go léir, ***toisc go*** mbailítear na sonraí PNR sin ***le haghaidh na n-eitiltí sin go léir*** i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/681. Leis an ródaire ba cheart an eitilt agus na PIUnna comhfhreagracha a shainaithint agus úsáid á baint as an bhfaisnéis atá san aimsitheoir taifid PNR, ar eilimint sonraí í is coiteann do thacair sonraí API agus do thacair sonraí PNR araon a cheadaíonn do na PIUnna comhphróiseáil a dhéanamh ar shonraí API agus ar shonraí PNR. | (13) I gcás eitiltí amach as an Eoraip, ba cheart go bhfaigheadh PIU an Bhallstáit a dtiocfaidh an eitilt i dtír ar a chríoch ***nó*** a n-imeoidh an eitilt ***óna*** chríoch na sonraí API ón ródaire le haghaidh na n-eitiltí sin go léir, ***arb eitiltí iad a*** mbailítear na sonraí PNR sin ***lena n-aghaidh*** i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/681. Leis an ródaire ba cheart an eitilt agus na PIUnna comhfhreagracha a shainaithint agus úsáid á baint as an bhfaisnéis atá san aimsitheoir taifid PNR, ar eilimint sonraí í is coiteann do thacair sonraí API agus do thacair sonraí PNR araon a cheadaíonn do na PIUnna comhphróiseáil a dhéanamh ar shonraí API agus ar shonraí PNR. |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Maidir le heitiltí laistigh den Aontas, i gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE), chun nach gcuirfear isteach go míchuí ar ***na cearta*** bunúsacha ábhartha a chosnaítear faoin gCairt agus chun comhlíonadh cheanglais dhlí an Aontais a áirithiú maidir le saorghluaiseacht daoine agus maidir le díothú rialuithe teorann inmheánacha, ba cheart foráil a dhéanamh do chur chuige roghnach. I bhfianaise a thábhachtaí atá sé a áirithiú gur féidir sonraí API a phróiseáil in éineacht le sonraí PNR, ba cheart an cur chuige sin a ailíniú le cur chuige Threoir (AE) 2016/681. Ar na cúiseanna sin, níor cheart sonraí API maidir leis na heitiltí sin a tharchur ach ón ródaire chuig na PIUnna ábhartha, i gcás inar roghnaigh na Ballstáit na heitiltí lena mbaineann agus Airteagal 2 de Threoir (AE) 2016/681 á chur i bhfeidhm acu. Mar a mheabhraigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, níl i gceist leis an roghnú sin ach na Ballstáit a bheith ag díriú ar na hoibleagáidí lena mbaineann ag bealaí áirithe, patrúin taistil nó aerfoirt áirithe, faoi réir athbhreithniú rialta ar an roghnú sin. | ***(14)*** Maidir le heitiltí laistigh den Aontas, i gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE), chun nach gcuirfear isteach go míchuí ar ***chearta*** bunúsacha ábhartha ***na bpaisinéirí mar*** a chosnaítear faoin gCairt agus chun comhlíonadh cheanglais dhlí an Aontais a áirithiú maidir le saorghluaiseacht daoine agus maidir le díothú rialuithe teorann inmheánacha, ba cheart foráil a dhéanamh do chur chuige roghnach. ***Is eisceacht iad cásanna inarb ann d'fhíorbhagairt reatha nó bagairt sceimhlitheoireachta intuartha, inar cheart go bhféadfadh na Ballstáit Treoir (AE) 2016/681 a chur*** i ***bhfeidhm maidir le gach eitilt laistigh den Aontas a thagann chuig a chríoch nó a imíonn uaithi, i gcinneadh atá teoranta ó thaobh ama de don mhéid a bhfuil fíorghá leis agus atá oscailte d'athbhreithniú éifeachtach. I*** bhfianaise a thábhachtaí atá sé a áirithiú gur féidir sonraí API a phróiseáil in éineacht le sonraí PNR, ba cheart an cur chuige sin a ailíniú le cur chuige Threoir (AE) 2016/681. Ar na cúiseanna sin, níor cheart sonraí API maidir leis na heitiltí sin a tharchur ach ón ródaire chuig na PIUnna ábhartha, i gcás inar roghnaigh na Ballstáit na heitiltí lena mbaineann agus Airteagal 2 de Threoir (AE) 2016/681 á chur i bhfeidhm acu. Mar a mheabhraigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, níl i gceist leis an roghnú sin ach na Ballstáit a bheith ag díriú ar na hoibleagáidí lena mbaineann ag bealaí áirithe, patrúin taistil nó aerfoirt áirithe, faoi réir athbhreithniú rialta ar an roghnú sin. ***Ina theannta sin, ba cheart na critéir roghnúcháin a bheith ábhartha chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh agus ba cheart go léireofaí leo nasc oibiachtúil nó amhras faoi nasc, le hiompar paisinéirí*** |

| | |
|---|---|
| | ***d’aer.*** |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(14a) Chun ceanglais Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) a chomhlíonadh, ba cheart modheolaíocht chomhchoiteann a leagan síos sa Rialachán seo chun measúnú ar bhagairtí a dhéanamh ar an mbonn gur cheart do na Ballstáit rogha eitiltí laistigh den Aontas a oibriú. Ba cheart go gcuideodh an mhodheolaíocht chomhchoiteann sin freisin le cleachtais éagsúla i measc na mBallstát a sheachaint agus go gceadódh sí do na húdaráis náisiúnta um chosaint sonraí maoirseacht éifeachtach a dhéanamh.*** |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Chun cur i bhfeidhm an chur chuige roghnach sin faoin Rialachán seo a chumasú maidir le heitiltí laistigh den Aontas, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit liostaí na n-eitiltí a roghnaigh siad a tharraingt suas agus a chur faoi bhráid eu-LISA, ionas gur féidir le eu-LISA a áirithiú nach ndéanfar ach sonraí API na n-eitiltí sin a tharchur ón ródaire chuig na PIUnna ábhartha agus go scriostar na sonraí API maidir le heitiltí laistigh den Aontas láithreach agus go do-athraithe. | (15) Chun cur i bhfeidhm an chur chuige roghnach sin faoin Rialachán seo a chumasú maidir le heitiltí laistigh den Aontas, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit liostaí na n-eitiltí a roghnaigh siad a tharraingt suas agus a chur faoi bhráid eu-LISA, ionas gur féidir le eu-LISA a áirithiú nach ndéanfar ach sonraí API ***le haghaidh*** na n-eitiltí sin a tharchur ón ródaire chuig na PIUnna ábhartha agus go scriostar na sonraí API maidir le heitiltí laistigh den Aontas láithreach agus go do-athraithe. |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15a) Chun comhtháthú a mhéadú i measc na gcur chuige roghnaitheach a ghlacann na Ballstáit éagsúla, ba cheart don Choimisiún malartú tuairimí rialta a éascú maidir le rogha na gcritéar roghnúcháin, lena n-áirítear comhroinnt dea-chleachtas, agus, ar bhonn deonach, maidir le heitiltí roghnaithe.*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Chun nach gcuirfear i mbaol éifeachtacht an chórais arna chur ar bun leis an Rialachán seo a bhraitheann ar bhailiú agus ar aistriú sonraí API, agus sonraí PNR faoin gcóras arna bhunú le Treoir (AE) 2016/681, chun críche cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, go háirithe trí riosca imchéimniúcháin a chruthú, ba cheart faisnéis maidir le cé na heitiltí laistigh den Aontas a roghnaigh na Ballstáit a láimhseáil ar bhealach rúnda. Ar an gcúis sin, níor cheart faisnéis den sórt sin a roinnt leis na haeriompróirí agus dá bhrí sin, ba cheart go gcuirfí iallach orthu sonraí réamhaisnéise faoi phaisinéirí (API) a bhailiú ar gach eitilt a chumhdaítear leis an Rialachán seo, lena n-áirítear gach eitilt laistigh den Aontas, agus iad a aistriú ansin chuig an ródaire, áit ar a cheart an roghnúchán riachtanach a dhéanamh. Thairis sin, trí shonraí API a bhailiú maidir le gach eitilt laistigh den Aontas, ní chuirtear in iúl do phaisinéirí cén sonraí | (16) Chun nach gcuirfear i mbaol éifeachtacht an chórais arna chur ar bun leis an Rialachán seo a bhraitheann ar bhailiú agus ar aistriú sonraí API, agus sonraí PNR faoin gcóras arna bhunú le Treoir (AE) 2016/681, chun críche cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, go háirithe trí riosca imchéimniúcháin a chruthú, ba cheart faisnéis maidir le cé na heitiltí laistigh den Aontas a roghnaigh na Ballstáit a láimhseáil ar bhealach rúnda. Ar an gcúis sin, níor cheart faisnéis den sórt sin a roinnt leis na haeriompróirí agus dá bhrí sin, ba cheart go gcuirfí iallach orthu sonraí réamhaisnéise faoi phaisinéirí (API) a bhailiú ar gach eitilt a chumhdaítear leis an Rialachán seo, lena n-áirítear gach eitilt laistigh den Aontas, agus iad a aistriú ansin chuig an ródaire, áit ar a cheart an roghnúchán riachtanach a dhéanamh. Thairis sin, trí shonraí API a bhailiú maidir le gach eitilt laistigh den Aontas, ní chuirtear in iúl do phaisinéirí cén sonraí |

| | |
|---|---|
| API roghnaithe maidir le heitiltí laistigh den Aontas, agus dá bharr sin, sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR), a sheoltar chuig PIUnna i gcomhréir le measúnú Ballstát. Leis an gcur chuige sin áirithítear freisin gur féidir aon athruithe i ndáil leis an roghnúchán sin a dhéanamh go tapa agus go héifeachtach, gan ualaí eacnamaíocha agus oibriúcháin míchuí a chur ar na haeriompróirí. | API roghnaithe maidir le heitiltí laistigh den Aontas, agus dá bharr sin, sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR), a sheoltar chuig PIUnna i gcomhréir le measúnú Ballstát. Leis an gcur chuige sin áirithítear freisin gur féidir aon athruithe i ndáil leis an roghnúchán sin a dhéanamh go tapa agus go héifeachtach, gan ualaí eacnamaíocha agus oibriúcháin míchuí a chur ar na haeriompróirí. ***Mar sin féin, níor cheart sonraí API a bhailiú agus a aistriú ar na heitiltí sin i gcás nár thug an Ballstát imeachta ná an Ballstát ina dtagann eitiltí laistigh den Aontas isteach fógra don Choimisiún maidir lena gcinneadh Treoir (AE) 2016/681 a chur i bhfeidhm maidir le heitiltí laistigh den Aontas, de bhun Airteagal 2 den Treoir sin.*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 16 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(16a) Leis an Rialachán seo, ní cheadaítear sonraí API ar eitiltí laistigh den Aontas a bhailiú agus a aistriú chun an inimirce neamhdhleathach a chomhrac, i gcomhréir le dlí an Aontais agus le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.*** |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) Ar mhaithe le comhlíontacht a áirithiú ***leis an gceart*** bunúsach go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint agus i gcomhréir le Rialachán (AE) [bainistiú | (17) Ar mhaithe le comhlíontacht a áirithiú ***le ceart*** bunúsach ***na bpaisinéirí*** go ndéanfar ***a*** sonraí pearsanta a chosaint agus i gcomhréir le Rialachán (AE) [bainistiú |

teorainneacha API], ba cheart go sainaithneofaí na rialaitheoirí leis an Rialachán seo. Ar mhaithe le monatóireacht éifeachtach, cosaint leordhóthanach ar shonraí pearsanta a áirithiú agus rioscaí slándála a íoslaghdú, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le logáil, slándáil na próiseála agus féinfhaireacháin. I gcás go mbaineann siad le próiseáil sonraí pearsanta, ba cheart na forálacha sin a thuiscint mar ghníomhartha dhlí an Aontais is infheidhme go ginearálta maidir le cosaint sonraí a chomhlánú, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[30] , Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na Eorpa agus ón gComhairle[31] agus Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32] . Níor cheart go ndéanfaí difear leis an Rialachán seo do na gníomhaíochtaí sin a bhaineann freisin le próiseáil sonraí pearsanta faoin Rialachán seo, i gcomhréir le forálacha an Rialacháin sin.

[30] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

[31] Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle, IO L 119, 4.5.2016, lch. 89.

teorainneacha API], ba cheart go sainaithneofaí na rialaitheoirí leis an Rialachán seo. Ar mhaithe le monatóireacht éifeachtach, cosaint leordhóthanach ar shonraí pearsanta a áirithiú agus rioscaí slándála a íoslaghdú, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le logáil, slándáil na próiseála agus féinfhaireacháin. I gcás go mbaineann siad le próiseáil sonraí pearsanta, ba cheart na forálacha sin a thuiscint mar ghníomhartha dhlí an Aontais is infheidhme go ginearálta maidir le cosaint sonraí a chomhlánú, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[30] , Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na Eorpa agus ón gComhairle[31] agus Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32] . Níor cheart go ndéanfaí difear leis an Rialachán seo do na gníomhaíochtaí sin a bhaineann freisin le próiseáil sonraí pearsanta faoin Rialachán seo, i gcomhréir le forálacha an Rialacháin sin.

[30] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

[31] Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle, IO L 119, 4.5.2016, lch. 89.

[32] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE, IO L 295, 21.11.2018, lch. 39

[32] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE, IO L 295, 21.11.2018, lch. 39

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(17a) Agus an ceart atá ag paisinéirí go gcuirfear ar an eolas iad maidir le próiseáil a gcuid sonraí pearsanta á chur san áireamh, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear ar fáil do phaisinéirí faisnéis chruinn faoi bhailiú sonraí API, faoi aistriú na sonraí sin chuig an PIU agus faoina gcearta mar ábhair sonraí, ar faisnéis í a bheidh éasca a rochtain agus éasca a thuiscint, tráth áirithint na heitilte agus tráth na seiceála isteach.*** |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(17b) Chun a áirithiú go gcomhlíonfar an ceart bunúsach go gcosnófar sonraí pearsanta, ba cheart rialacha maidir le hiniúchtaí a leagan amach leis an Rialachán seo freisin. Ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 41 de Threoir (AE) 2016/680 nó do chomhlacht iniúchóireachta ar chuir*** |

***an t-údarás maoirseachta an cúram sin air tabhairt faoi na hiniúchtaí a bhfuil na Ballstáit freagrach astu.***

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(17c) Ionas nach mbeidh ar aeriompróirí naisc iomadúla le PIUnna a bhunú agus a choimeád chun sonraí API agus sonraí PNR a aistriú, agus chun an neamhéifeachtúlacht agus na rioscaí slándála lena mbaineann a sheachaint, ba cheart foráil a dhéanamh i leith ródaire aonair, arna chruthú agus arna oibriú ar leibhéal an Aontais, ar cheart dó feidhmiú mar phointe nasctha, scagaire agus dáileacháin don aistriú sin. Ar mhaithe le héifeachtúlacht agus éifeachtacht costais, ba cheart don ródaire a bheith ag brath ar chomhpháirteanna teicniúla ó chórais ábhartha eile arna gcruthú faoi dhlí an Aontais, a mhéid is féidir go teicniúil agus ag cloí go hiomlán le rialacha an Rialacháin seo agus Rialachán (AE) [bainistiú teorainneacha API], go háirithe an tseirbhís gréasáin dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2017/2226, an geata iompróra dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2018/1240 agus an geata iompróra dá dtagraítear i Rialachán (CE) 767/2008. Chun an tionchar ar aeriompróirí a laghdú agus chun cur chuige comhchuibhithe i leith aeriompróirí a áirithiú, ba cheart do eu-LISA an ródaire a dhearadh, a mhéid is féidir go teicniúil agus go hoibríochtúil, ar bhealach atá comhleanúnach agus comhsheasmhach leis na hoibleagáidí a chuirtear ar aeriompróirí le Rialachán (AE) 2017/2226, Rialachán (AE) 2018/1240 agus Rialachán (CE) 767/2008.*** |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(17d) Thairis sin, chun foráil a dhéanamh maidir leis an leibhéal céanna soiléireachta agus cinnteachta, ba cheart na forálacha a bhaineann leis na cúraimí ródaire, slándála agus tacaíochta arna gcomhlíonadh ag eu-LISA a bheith ar aon dul sa Rialachán seo agus i Rialachán (AE) [bainistiú teorainneacha API].*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17 e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(17e) Níor cheart go bhfeidhmeofaí an ródaire ach chun tarchur sonraí API ó na haeriompróirí chuig na PIUnna a éascú i gcomhréir leis an Rialachán seo, agus níor cheart gur stór sonraí API é. Dá bhrí sin, agus chun aon riosca a bhaineann le rochtain neamhúdaraithe nó mí-úsáid eile a íoslaghdú agus i gcomhréir le prionsabal an íoslaghdaithe sonraí, níor cheart aon stóráil a dhéanamh ach amháin má tá sí fíor-riachtanach chun críocha teicniúla a bhaineann leis tarchur agus ba cheart an API a scriosadh ón ródaire, láithreach, go buan agus trí mhodh uathoibrithe, ón tráth a bheidh an tarchur déanta.*** |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17 f (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(17f) Lena áirithiú go bhfeidhmeoidh tarchur sonraí API ón ródaire mar is cuí, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún rialacha mionsonraithe teicniúla agus nós imeachta a leagan síos maidir leis an tarchur sin. Ba cheart go mbeadh na rialacha sin de chineál lena n-áiritheofar go mbeidh an tarchur slán, éifeachtach agus tapa agus nach mbeadh tionchar níos mó ná mar is gá aige ar chearta taistil paisinéirí agus aeriompróirí.*** |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) Ba cheart go laghdódh agus go simpleodh an ródaire atá le cruthú agus le feidhmiú faoin Rialachán (AE) [bainistiú teorainneacha API] naisc theicniúla a mbeidh gá leo chun sonraí API a aistriú, agus iad á dteorannú go nasc singil in aghaidh aeriompróra agus in aghaidh PIU. Dá bhrí sin, déantar foráil leis an Rialachán seo maidir leis an oibleagáid atá ar gach PIU agus aeriompróir nasc den sórt sin a bhunú leis, agus an comhtháthú riachtanach a bhaint amach leis, an ródaire, ionas go n-áiritheofar go mbeidh an córas chun sonraí API a aistriú arna mbunú leis an Rialachán seo in ann feidhmiú i gceart. | (18) Ba cheart go laghdódh agus go simpleodh an ródaire atá le cruthú agus le feidhmiú faoin Rialachán ***seo agus faoi Rialachán*** (AE) [bainistiú teorainneacha API] naisc theicniúla a mbeidh gá leo chun sonraí API ***agus sonraí PNR*** a aistriú, agus iad á dteorannú go nasc singil in aghaidh aeriompróra agus in aghaidh PIU. Dá bhrí sin, déantar foráil leis an Rialachán seo maidir leis an oibleagáid atá ar gach PIU agus aeriompróir nasc den sórt sin a bhunú leis, agus an comhtháthú riachtanach a bhaint amach leis, an ródaire, ionas go n-áiritheofar go mbeidh an córas chun sonraí API a aistriú arna mbunú leis an Rialachán seo in ann feidhmiú i gceart. ***Le dearadh agus forbairt an ródaire ag eu-LISA, ba cheart go mbeifí in ann córais agus bonneagair na n-aeriompróirí a nascadh agus a chomhtháthú go héifeachtach agus go héifeachtúil trí fhoráil a dhéanamh maidir leis na caighdeáin ábhartha agus na ceanglais theicniúla*** |

| | |
|---|---|
| | ***uile. Chun feidhmiú cuí an chórais a bhunaítear leis an Rialachán seo a áirithiú, ba cheart rialacha mionsonraithe a sholáthar. Agus an ródaire á cheapadh agus á fhorbairt aige, ba cheart do eu-LISA a áirithiú go ndéantar sonraí API a aistríonn aeriompróirí agus a tharchuirtear chuig PIUnna a chriptiú agus iad faoi bhealach.*** |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) I bhfianaise leasanna an Aontais atá i gceist, ba cheart ***go n-íocfaí*** costais ***chuí*** arna dtabhú ag na Ballstáit ***i ndáil*** lena ***gcuid ceangal*** leis***,*** agus ***a*** gcomhtháthú leis***,*** an ródaire, mar a cheanglaítear faoin Rialachán seo, ***ag*** buiséad an Aontais, i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme agus faoi réir eisceachtaí áirithe. Ba cheart go dtitfeadh na costais a chumhdaítear leis na heisceachtaí sin ar gach Ballstát féin. | (19) I bhfianaise leasanna an Aontais atá i gceist, ba cheart ***na*** costais ***a thabhóidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus eu-LISA as a chúraimí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh i dtaca leis an ródaire a íoc as buiséad an Aontais. Ba cheart é sin a bheith amhlaidh freisin i gcás costais iomchuí*** arna dtabhú ag na Ballstáit ***maidir*** lena ***naisc*** leis ***an ródaire*** agus ***lena*** gcomhtháthú leis an ródaire, ***agus ba cheart, i gcás costais a bhaineann le cothabháil na nasc sin*** mar a cheanglaítear faoin Rialachán seo, ***go n-íocfaí iad as*** buiséad an Aontais, i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme***,*** agus faoi réir eisceachtaí áirithe. Ba cheart go dtitfeadh na costais a chumhdaítear leis na heisceachtaí sin ar gach Ballstát féin. ***Ba cheart go gcumhdófaí i mbuiséad an Aontais freisin an tacaíocht, amhail oiliúint, a chuireann eu-LISA ar fáil d'aeriompróirí agus do PIUnna chun gur féidir sonraí API a aistriú agus a tharchur go héifeachtach tríd an ródaire. Is ar na Ballstáit faoi seach chomh maith a thitfidh na costais a thabhóidh na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta neamhspleácha i ndáil leis na cúraimí a chuirtear orthu faoin Rialachán seo.*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(20) I gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1726, féadfaidh Ballstáit a chur de chúram ar eu-LISA nascacht le haeriompróirí a éascú d'fhonn cabhrú le Ballstáit le Treoir (AE) 2016/681 a chur chun feidhme, go háirithe trí shonraí PNR a bhailiú a aistriú tríd an ródaire.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 20 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(20a) Chun go mbeidh na haeriompróirí agus na PIUnna araon in ann an úsáid is éifeachtúla is féidir a bhaint as a naisc leis an ródaire, chun aon dúbláil ar aistrithe agus próiseáil sonraí paisinéirí a sheachaint, agus chun comhlíonadh chásdlí CBAE a áirithiú agus chun feabhas a chur ar an bhfaireachán agus ar an maoirseacht lena mbaineann, ba cheart foráil a dhéanamh sa Rialachán seo d'úsáid éigeantach an ródaire ag aeriompróirí chun sonraí PNR a aistriú, agus do PIUnna chun na sonraí sin a fháil. Ba cheart gurb é an ródaire an t-aon bhealach is gá agus an t-aon bhealach atá ar fáil do na Ballstáit ceangal a chur ar aeriompróirí na hoibleagáidí a bhaineann le haistriú sonraí PNR a chomhlíonadh mar a fhoráiltear i dTreoir PNR.*** |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Ní féidir a chur as an áireamh, de bharr imthosca eisceachtúla agus d’ainneoin gach beart réasúnta a bheith glactha i gcomhréir leis an Rialachán seo agus***, maidir leis an ródaire,*** Rialachán (AE) [bainistiú teorainneacha API], go mainneodh an ródaire nó na córais nó an bonneagar a cheanglaíonn na PIUnna agus na haeriompróirí leis, feidhmiú i gceart, agus dá bharr sin nach mbeadh sé indéanta ar chúiseanna teicniúla, an ródaire a úsáid chun sonraí API a tharchur. Ós rud é nach mbeidh an ródaire ar fáil agus nach mbeidh aeriompróirí in ann go réasúnta, i gcoitinne, na sonraí API a ndéanann an mhainneachtain difear dóibh a aistriú go dlíthiúil, go slán, go héifeachtach agus go tapa ar bhealach malartach, níor cheart feidhm a bheith ag an oibleagáid d’aeriompróirí sonraí API a aistriú chuig an ródaire fad agus nach mbeifear in ann iad a aistriú, ar chúiseanna teicniúla. Chun fad agus iarmhairtí diúltacha an mhéid sin a íoslaghdú, i gcás den sórt sin, ba cheart do na páirtithe lena mbaineann a chéile a chur ar an eolas láithreach agus gach beart riachtanach a ghlacadh láithreach chun dul i ngleic leis an dodhéantacht ar chúiseanna teicniúla. Ba cheart an socrú seo a bheith gan dochar do na hoibleagáidí faoin Rialachán seo atá ar gach páirtí atá i gceist a áirithiú go bhfeidhmíonn an ródaire agus a gcuid córas agus bonneagair faoi seach i gceist, chomh maith leis an bhfíric go mbíonn aeriompróirí faoi réir pionós nuair a mhainníonn siad na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh, lena n-áirítear nuair a iarrann siad brath ar an socrú sin nuair nach bhfuil údar maith leis an mbrath sin. Chun mí-úsáid den sórt sin a dhíspreagadh agus chun maoirseacht, agus forchur pionós nuair is gá, a éascú, ba cheart | (21) Ní féidir a chur as an áireamh, de bharr imthosca eisceachtúla agus d’ainneoin gach beart réasúnta a bheith glactha i gcomhréir leis an Rialachán seo agus Rialachán (AE) [bainistiú teorainneacha API], go mainneodh an ródaire nó na córais nó an bonneagar a cheanglaíonn na PIUnna agus na haeriompróirí leis, feidhmiú i gceart, agus dá bharr sin nach mbeadh sé indéanta ar chúiseanna teicniúla, an ródaire a úsáid chun sonraí API a tharchur. Ós rud é nach mbeidh an ródaire ar fáil agus nach mbeidh aeriompróirí in ann go réasúnta, i gcoitinne, na sonraí API a ndéanann an mhainneachtain difear dóibh a aistriú go dlíthiúil, go slán, go héifeachtach agus go tapa ar bhealach malartach, níor cheart feidhm a bheith ag an oibleagáid d’aeriompróirí sonraí API a aistriú chuig an ródaire fad agus nach mbeifear in ann iad a aistriú, ar chúiseanna teicniúla. Chun fad agus iarmhairtí diúltacha an mhéid sin a íoslaghdú, i gcás den sórt sin, ba cheart do na páirtithe lena mbaineann a chéile a chur ar an eolas láithreach agus gach beart riachtanach a ghlacadh láithreach chun dul i ngleic leis an dodhéantacht ar chúiseanna teicniúla. Ba cheart an socrú seo a bheith gan dochar do na hoibleagáidí faoin Rialachán seo atá ar gach páirtí atá i gceist a áirithiú go bhfeidhmíonn an ródaire agus a gcuid córas agus bonneagair faoi seach i gceist, chomh maith leis an bhfíric go mbíonn aeriompróirí faoi réir pionós nuair a mhainníonn siad na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh, lena n-áirítear nuair a iarrann siad brath ar an socrú sin nuair nach bhfuil údar maith leis an mbrath sin. Chun mí-úsáid den sórt sin a dhíspreagadh agus chun maoirseacht, agus forchur pionós nuair is gá, a éascú, ba cheart |

| | |
|---|---|
| d'aeriompróirí a bhraitheann ar an socrú sin mar thoradh ar chliseadh a gcórais agus a mbonneagair féin tuairisciú faoi sin don údarás inniúil maoirseachta. | d'aeriompróirí a bhraitheann ar an socrú sin mar thoradh ar chliseadh a gcórais agus a mbonneagair féin tuairisciú faoi sin don údarás inniúil maoirseachta. |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) Ba cheart do Bhallstáit foráil a dhéanamh do phionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha in aghaidh na n-aeriompróirí siúd a mhainníonn a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le sonraí API a bhailiú agus a aistriú faoin Rialachán seo. | (23) Ba cheart do Bhallstáit foráil a dhéanamh do phionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha in aghaidh na n-aeriompróirí siúd a mhainníonn a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le sonraí API ***agus sonraí PNR*** a bhailiú agus a aistriú faoin Rialachán seo. |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(23a) Agus foráil á déanamh do na pionóis is infheidhme d'aeriompróirí faoin Rialachán seo, ba cheart go gcuirfeadh na Ballstáit san áireamh an bhfuil sé indéanta go teicniúil agus go hoibríochtúil cruinneas iomlán sonraí a áirithiú. Ina theannta sin, nuair a fhorchuirfear pionóis, ba cheart a gcur i bhfeidhm agus a luach a shocrú, agus na gníomhaíochtaí a rinne an t-aeriompróir chun an tsaincheist a mhaolú, chomh maith lena leibhéal comhair leis na húdaráis náisiúnta, á gcur san áireamh.*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(23b) Chun tuarascálacha agus staidreamh an ródaire a stóráil ar an Lárstóras um Thuairisciú agus Staidreamh, is gá Rialachán (AE) 2019/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a leasú[1a]. Níor cheart don Lárstóras um Thuairisciú agus Staidreamh ach staidreamh a sholáthar atá bunaithe ar shonraí API chun an Rialachán seo a chur chun feidhme agus maoirseacht éifeachtach a dhéanamh air. Leis na sonraí a tharchuireann an ródaire go huathoibríoch chuig an Lárstóras um Thuairisciú agus Staidreamh chun na críche sin, níor cheart go mbeifí in ann na paisinéirí lena mbaineann a shainaithint. Níor cheart don ródaire aon sonraí a tharchur chuig an Lárstóras um Thuairisciú agus Staidreamh le haghaidh na n-eitiltí sin laistigh den Aontas nár roghnaigh Ballstát bunaithe ar mheasúnú i gcomhréir leis na critéir agus leis an modheolaíocht chun eitiltí laistigh den Aontas a leagtar amach sa Rialachán seo a roghnú.*** |
| | ______________ |
| | ***[1a] Rialachán (AE) 2019/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse na dteorainneacha agus na víosaí agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1726 agus (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle, (IO L 135, 22.5.2019, lch. 27).*** |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) Chun bearta a dhéanamh i ndáil leis na ceanglais theicniúla agus na rialacha oibriúcháin le haghaidh an mhodha uathoibrithe chun sonraí API a bhailiú atá inléite ag meaisín, i ndáil leis na prótacail agus na formáidí coiteanna atá le húsáid le sonraí API a aistriú ag aeriompróirí, i ndáil leis na rialacha teicniúla agus nós imeachta chun sonraí API a tharchur ón ródaire agus i ndáil le ceangail agus comhtháthú na PIUnna agus na n-aeriompróirí leis an ródaire, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean don Choimisiún maidir le hAirteagail 4, 5, 10 agus 11, faoi seach. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ***ndéanfaí*** na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos ***sa*** Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an ***13 Aibreán 2016***[33]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile an ***tráth*** céanna ***le*** saineolaithe ***na mBallstát***, agus tá rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe. | (24) Chun bearta a dhéanamh i ndáil leis na ceanglais theicniúla agus na rialacha oibriúcháin le haghaidh an mhodha uathoibrithe chun sonraí API a bhailiú atá inléite ag meaisín, i ndáil leis na prótacail agus na formáidí coiteanna atá le húsáid le sonraí API a aistriú ag aeriompróirí, i ndáil leis na rialacha teicniúla agus nós imeachta chun sonraí API a tharchur ón ródaire agus i ndáil le ceangail agus comhtháthú na PIUnna agus na n-aeriompróirí leis an ródaire, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean don Choimisiún maidir le hAirteagail 4, 5, 10 agus 11, faoi seach. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le ***geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear aeriompróirí, le*** linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ***ndéanfar*** na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos ***san*** Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an ***13 Aibreán 2006***[33]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ***ag*** an ***am*** céanna ***leis na*** saineolaithe ***sna Ballstáit***, agus tá rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe. ***Agus na forbairtí is úrscothaí á gcur san áireamh, d'fhéadfadh athrú teacht ar na ceanglais theicniúla agus ar na rialacha teicniúla sin le himeacht ama.*** |
| [33] 44 IO ***L 123, 12.5.2016, lch. 1.*** | [33] 44 IO ***L 123, 12.5.2016, lch. 1.*** |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(24a) Tá sé tábhachtach staidreamh iontaofa úsáideach a bhailiú bunaithe ar chur chun feidhme an Rialacháin sin chun tacú lena chuspóirí agus chun bonn eolais a chur faoi na meastóireachtaí faoin Rialachán seo. Níor cheart aon sonraí pearsanta inaitheanta a bheith sna staitisticí sin. Ba cheart rochtain a bheith ag na geallsealbhóirí ábhartha go léir, lena n-áirítear údaráis ábhartha na mBallstát, Europol agus, i gcás inarb iomchuí, aeriompróirí, ar an staidreamh sin.*** |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(24b) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, is é sin maidir le tús a chur le hoibríochtaí an ródaire, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a].*** |
| | ***[1a] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011,*** |

*lch. 13).*

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) Ba cheart dóthain ama a cheadú do gach páirtí leasmhar, agus do na haeriompróirí agus na PIUnna go háirithe, chun na hullmhúcháin riachtanacha a dhéanamh le go mbeidh siad in ann a gcuid oibleagáidí faoi seach faoin Rialachán seo a chomhlíonadh, agus é á chur san áireamh nach féidir cuid de na hullmhúcháin, amhail ullmhúcháin i ndáil leis na hoibleagáidí um cheangal agus chomhtháthú leis an ródaire, a chur i gcrích nuair a bheidh céimeanna deartha agus forbartha an ródaire tógtha chun críche agus nuair a bheidh oibríochtaí tosaithe ag an ródaire. Dá bhrí sin, níor cheart go mbeadh feidhm ag an Rialachán seo ach ó dháta iomchuí tar éis an dáta ar a thosaíonn an ródaire oibríochtaí, mar a shonraíonn an Coimisiún i gcomhréir le Rialachán (AE) [bainistiú teorainneacha API]. ***Ba cheart, áfach, go mbeadh an Coimisiún in ann gníomhartha tarmligthe a ghlacadh de réir an Rialacháin seo cheana ó dháta níos luaithe, d'fhonn a áirithiú go mbeidh an córas arna bhunú leis an Rialachán seo i bhfeidhm chomh luath agus is féidir.*** | (25) Ba cheart dóthain ama a cheadú do gach páirtí leasmhar, agus do na haeriompróirí agus na PIUnna go háirithe, chun na hullmhúcháin riachtanacha a dhéanamh le go mbeidh siad in ann a gcuid oibleagáidí faoi seach faoin Rialachán seo a chomhlíonadh, agus é á chur san áireamh nach féidir cuid de na hullmhúcháin, amhail ullmhúcháin i ndáil leis na hoibleagáidí um cheangal agus chomhtháthú leis an ródaire, a chur i gcrích nuair a bheidh céimeanna deartha agus forbartha an ródaire tógtha chun críche agus nuair a bheidh oibríochtaí tosaithe ag an ródaire. Dá bhrí sin, níor cheart go mbeadh feidhm ag an Rialachán seo ach ó dháta iomchuí tar éis an dáta ar a thosaíonn an ródaire oibríochtaí, mar a shonraíonn an Coimisiún i gcomhréir ***leis an Rialachán seo agus*** le Rialachán (AE) [bainistiú teorainneacha API]. |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(25a) Ba cheart an Rialachán seo a bheith faoi réir meastóireachtaí rialta chun faireachán ar chur i bhfeidhm*** |

| | |
|---|---|
| | ***éifeachtach an Rialacháin a áirithiú. Go háirithe, níor cheart bailiú sonraí API a bheith chun dochair d'eispéireas taistil paisinéirí dlisteanacha. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún measúnú ar thionchar an Rialacháin seo ar eispéireas taistil paisinéirí dlisteanacha a áireamh ina thuarascálacha meastóireachta rialta ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.*** |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(25b) Ós rud é go mbeidh costais bhreise coigeartaithe agus riaracháin ag teastáil ón Rialachán seo, ba cheart athbhreithniú grinn a dhéanamh ar an ualach rialála foriomlán a bheidh ar an earnáil eitlíochta. Sa chomhthéacs sin, ba cheart, sa tuarascáil ina ndéantar meastóireacht ar fheidhmiú an Rialacháin seo, measúnú a dhéanamh ar a mhéid a baineadh amach cuspóirí an Rialacháin seo agus ar a mhéid a bhí tionchar aige ar iomaíochas na hearnála. Dá bhrí sin, ba cheart measúnú iomlánaíoch a dhéanamh sa tuarascáil ón gCoimisiún agus tagairt a dhéanamh d'idirghníomhú an Rialacháin seo le gníomhartha reachtacha ábhartha eile de chuid an Aontais, go háirithe Rialachán (AE) 2017/2226, Rialachán (AE) 2018/1240 agus Rialachán (CE) 767/2008. Ba cheart measúnú a dhéanamh sa tuarascáil ar thionchar foriomlán na n-oibleagáidí tuairiscithe gaolmhara ar aeriompróirí, agus forálacha á sainaithint a d'fhéadfaí a thabhairt cothrom le dáta agus a shimpliú, i gcás inarb iomchuí, chun an t-ualach ar aeriompróirí a mhaolú, chomh maith le gníomhaíochtaí agus bearta a rinneadh nó a d'fhéadfaí a dhéanamh chun an brú costais iomlán ar an earnáil*** |

| | |
|---|---|
| | ***eitlíochta a laghdú.*** |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) sonraí réamhfhaisnéise faoi phaisinéirí ('sonraí API') a bhailiú ag aeriompróirí ar eitiltí lasmuigh den Aontas agus ar eitiltí ***roghnaithe*** laistigh den Aontas; | (a) sonraí réamhfhaisnéise faoi phaisinéirí ('sonraí API') a bhailiú ag aeriompróirí ar eitiltí lasmuigh den Aontas agus ar eitiltí laistigh den Aontas; |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) sonraí API ar eitiltí lasmuigh den Aontas agus ar eitiltí roghnaithe laistigh den Aontas a aistriú ón ródaire chuig na hAonaid Fhaisnéise Paisinéirí ('PIUnna'). | (c) sonraí API ***agus sonraí PNR*** ar eitiltí lasmuigh den Aontas agus ar eitiltí roghnaithe laistigh den Aontas a aistriú ón ródaire chuig na hAonaid Fhaisnéise Paisinéirí ('PIUnna'). |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Tá an Rialachán seo gan dochar do Rialachán (AE) 2016/679, Rialachán (AE) 2018/1725 agus Treoir (AE) 2016/680.*** |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) ciallaíonn 'eitilt laistigh den Aontas' aon eitilt mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (3), de Threoir (AE) 2016/681; | (c) ciallaíonn 'eitilt laistigh den Aontas' aon eitilt mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (3), de Threoir (AE) 2016/681***, cé is moite de na heitiltí sin nach bhfuil fógra tugtha ag an mBallstát óna bhfuil an eitilt sceidealaithe le himeacht, ná ag an mBallstát ina bhfuil an eitilt sceidealaithe le tuirlingt, faoina chinneadh Treoir 2016/681 a chur i bhfeidhm maidir le heitiltí laistigh den Aontas, de bhun Airteagal 2 den Treoir sin***; |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) ciallaíonn 'eitilt sceidealaithe' ***aon*** eitilt mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (e), de Rialachán (AE) [bainistiú teorainneacha API]; | (d) ciallaíonn 'eitilt sceidealaithe' eitilt ***tráchtála*** mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (e), de Rialachán (AE) [bainistiú teorainneacha API]; |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) ciallaíonn eitilt 'neamhsceidealaithe' ***aon*** eitilt mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (f), de Rialachán (AE) [bainistiú teorainneacha API]; | (e) ciallaíonn eitilt 'neamhsceidealaithe' eitilt ***tráchtála*** mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (f), de Rialachán (AE) [bainistiú teorainneacha API]; |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) ciallaíonn ‘criú’ aon duine mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (***h***) de Rialachán (AE) [bainistiú teorainneacha API]; | (g) ciallaíonn ‘criú’ aon duine mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (***i***) de Rialachán (AE) [bainistiú teorainneacha API]; |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe h**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(h) ciallaíonn ‘taistealaí’ aon duine mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (i), de Rialachán (AE) [bainistiú teorainneacha API];*** | ***scriosta*** |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) ciallaíonn ‘sonraí réamhfhaisnéise paisinéara’ nó ‘sonraí API’ na sonraí mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (***j***), de Rialachán (AE) [bainistiú teorainneacha API]; | (i) ciallaíonn ‘sonraí réamhfhaisnéise paisinéara’ nó ‘sonraí API’ na sonraí mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (***k***), de Rialachán (AE) [bainistiú teorainneacha API]; |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe m**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (m) ciallaíonn ‘coireacht thromchúiseach’ na cionta mar a shainmhínítear iad in Airteagal 3, pointe (9), de ***Threoir 2016/681***; | (m) ciallaíonn ‘coireacht thromchúiseach’ na cionta mar a shainmhínítear iad in Airteagal 3, pointe (9), de ***Threoir AE 2016/681***; |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe n**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (n) ciallaíonn ‘an ródaire’ an ródaire ***mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (k) de Rialachán (AE) [bainistiú teorainneacha API]***; | (n) ciallaíonn ‘an ródaire’ an ródaire ***dá dtagraítear in Airteagal 4b***; |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Baileoidh aeriompróirí sonraí API na ***dtaistealaithe ar*** na heitiltí dá dtagraítear in ***Airteagal 2***, chun ***críocha*** na sonraí API sin a aistriú chuig an ródaire i gcomhréir le ***mír 6***. Nuair a roinntear cód na heitilte idir aon aeriompróir amháin nó níos mó, is ar an aeriompróir a oibríonn an eitilt a bheidh an oibleagáid chun na sonraí API a aistriú. | 1. Baileoidh aeriompróirí sonraí API na ***bpaisinéirí, ina mbeidh sonraí*** na ***bpaisinéirí agus an fhaisnéis eitilte a shonraítear i míreanna 1b agus 1b den Airteagal seo, faoi seach, maidir leis na*** heitiltí dá dtagraítear in ***Airteagal 2***, chun na sonraí API sin a aistriú chuig an ródaire i gcomhréir le ***mír 6***. Nuair a roinntear cód na heitilte idir aon aeriompróir amháin nó níos mó, is ar an aeriompróir a oibríonn an eitilt a bheidh an oibleagáid chun na sonraí *API* a aistriú. |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Ní bheidh sna sonraí API ach na sonraí paisinéirí seo a leanas a bhaineann le gach paisinéir ar an eitilt:*** |
| | ***(a) sloinne (ainm teaghlaigh); céadainm nó céadainmneacha (ainmneacha baiste);*** |

| | |
|---|---|
| | ***(b) dáta breithe, inscne agus náisiúntacht;*** |
| | ***(c) cineál agus uimhir an doiciméid taistil agus cód trí litir na tíre a d'eisigh an doiciméad taistil;*** |
| | ***(d) an dáta a rachaidh bailíocht an doiciméid taistil in éag;*** |
| | ***(e) an uimhir lena sainaithnítear taifead ainmneacha paisinéirí a úsáideann aeriompróir chun paisinéir a aimsiú laistigh dá chóras faisnéise (aimsitheoir taifead PNR);*** |
| | ***(f) uimhir an tsuíocháin san aerárthach a shannfar do phaisinéir, i gcás ina mbailíonn an t-aeriompróir an fhaisnéis sin;*** |
| | ***(g) líon agus meáchan na málaí seiceáilte, i gcás ina mbailíonn an t-aeriompróir an fhaisnéis sin.*** |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1b. Ní chuimseofar sna sonraí API freisin ach an fhaisnéis eitilte seo a leanas maidir le heitilt gach paisinéara:*** |
| | ***(a) uimhir aitheantais na heitilte nó, i gcás ina ndéantar cód na heitilte a roinnt idir aeriompróir amháin nó níos mó, uimhreacha aitheantais na heitilte, nó mura bhfuil a leithéid d'uimhir ann, modhanna soiléire oiriúnacha eile chun an eitilt a shainaithint;*** |
| | ***(b) i cás inarb infheidhme, pointe iontrála an trasnaithe teorann isteach i gcríoch an Bhallstáit;*** |
| | ***(c) cód an aerfoirt iontrála isteach i gcríoch an Bhallstáit;*** |

| | |
|---|---|
| | ***(d) an pointe tosaigh bordála;*** |
| | ***(e) an dáta áitiúil agus an t -am imeachta measta;*** |
| | ***(f) an dáta áitiúil agus an t-am teachta measta.*** |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ní áireofar i mbailiú sonraí API i gcomhréir leis an gcéad fhomhír oibleagáid ar aeriompróirí an doiciméad taistil a sheiceáil tráth a rachaidh siad ar bord san aerárthach ná oibleagáid ar phaisinéirí doiciméad taistil a iompar agus iad ag taisteal, gan dochar do ghníomhartha de chuid an dlí náisiúnta atá i gcomhréir le dlí an Aontais.*** |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Baileoidh aeriompróirí na sonraí dá dtagraítear ***in Airteagal 4(2***), ***pointí*** (a) go (d) ***de Rialachán (AE) [bainistiú teorainneacha API] agus úsáid á baint as modh*** uathoibrithe chun sonraí an ***doiciméid taistil atá inléite ag meaisín*** a bhailiú ***don taistealaí lena mbaineann***. Déanfaidh siad ***é*** i gcomhréir leis na ceanglais theicniúla agus na rialacha ***oibriúcháin sonracha*** dá dtagraítear i ***mír 5, i gcás gur glacadh leis*** na rialacha sin agus ***go bhfuil*** feidhm acu. | Baileoidh aeriompróirí na sonraí ***API*** dá dtagraítear ***i mír 1a (nua***), ***pointí*** (a) go (d)***, trí mhodhanna*** uathoibrithe chun sonraí ***meaisín-inléite dhoiciméad taistil*** an ***phaisinéara lena mbaineann*** a bhailiú. ***Baileoidh aeriompróirí na sonraí sin le linn an phróisis seiceála isteach, mar chuid den tseiceáil isteach ar líne nó mar chuid den tseiceáil isteach ag an aerfort.*** Déanfaidh siad ***amhlaidh*** i gcomhréir leis na ceanglais theicniúla ***mhionsonraithe*** agus na rialacha ***oibríochtúla mionsonraithe*** dá dtagraítear i ***mír 5, a luaithe a ghlacfar*** na rialacha sin agus ***a bheidh*** feidhm acu***, agus, go háirithe,trí*** |

| | |
|---|---|
| | ***úsáid a bhaint as na modhanna uathoibrithe is iontaofa a bheidh ar fáil chun sonraí meaisín-inléite an doiciméid taistil lena mbaineann a bhailiú*.** |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ní bheidh bailiú sonraí API trí mhodhanna uathoibrithe ina shiocair le bailiú aon sonraí bithmhéadracha atá sa doiciméad taistil.*** |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3 – fomhír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***I gcás ina gcuirfidh aeriompróirí próiseas seiceála isteach ar líne ar fáil, cuirfidh siad ar chumas paisinéirí na sonraí API dá dtagraítear i mír 1a, pointí (a) go (d) a sholáthar le linn an phróisis seiceála isteach ar líne, trí mhodhanna uathoibrithe a úsáid.*** |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás nach féidir ***an modh*** uathoibrithe sin a úsáid, ***áfach, toisc nach bhfuil sonraí sa doiciméad taistil atá inléite ag meaisín,*** baileoidh aeriompróirí na sonraí sin de ***lámh***, ar bhealach go ***n-áirithítear go gcomhlíontar mír 2***. | I gcás nach féidir ***modhanna*** uathoibrithe ***den sórt*** sin a úsáid, baileoidh aeriompróirí na sonraí sin de ***láimh***, ***mar chuid den tseiceáil isteach*** ar ***líne nó mar chuid den tseiceáil isteach ag an aerfort, ar*** bhealach ***lena n-áiritheofar*** go ***gcomhlíonfar mír 2***. |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Beidh aon mhodh uathoibrithe a úsáidfidh aeriompróirí chun sonraí API a bhailiú faoin Rialachán seo iontaofa, slán agus suas le dáta. | 4. Beidh aon mhodh uathoibrithe a úsáidfidh aeriompróirí chun sonraí API a bhailiú faoin Rialachán seo iontaofa, slán agus suas le dáta. ***Áiritheoidh aeriompróirí go mbeidh sonraí API criptithe le linn tharchur na sonraí ón bpaisinéir chuig na haeriompróirí.*** |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Tugtar ***de*** chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 19 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí cheanglais theicniúla mhionsonraithe agus rialacha ***oibriúcháin*** mionsonraithe a leagan síos maidir le bailiú na sonraí API dá dtagraítear ***in Airteagal 4(2), pointe (***a) go (d), ***de Rialachán (AE) [bainistiú teorainneacha API]*** agus úsáid á baint as ***modh*** uathoibrithe i gcomhréir le ***mír 3*** agus 4 den Airteagal seo. | 5. Tugtar ***an*** chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 19 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí cheanglais theicniúla mhionsonraithe agus rialacha ***oibríochtúla*** mionsonraithe a leagan síos maidir le bailiú na sonraí API dá dtagraítear ***i mír 1a, pointe*** (a) go ***pointe*** (d), agus úsáid á baint as ***modhanna*** uathoibrithe i gcomhréir le ***mír 3*** agus ***mír*** 4 den Airteagal seo***, lena n-áirítear ceanglais maidir le slándáil sonraí***. |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Aistreoidh aeriompróirí na sonraí API ***a bailíodh de bhun mhír 1*** chuig an ródaire, ***ar bhealach*** leictreonach. | 6. Aistreoidh aeriompróirí na sonraí ***criptithe*** API chuig an ródaire, ***trí mheán*** leictreonach. Déanfaidh siad é i gcomhréir |

| | |
|---|---|
| Déanfaidh siad é i gcomhréir leis na rialacha sonracha dá dtagraítear i mír 9, ***i gcás gur glacadh*** leis na rialacha sin agus go ***bhfuil*** feidhm acu. | leis na rialacha sonracha dá dtagraítear i mír 9, ***a luaithe a ghlacfar*** leis na rialacha sin agus go ***mbeidh*** feidhm acu. |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Aistreoidh aeriompróirí na sonraí API tráth na seiceála isteach agus díreach i ndiaidh dhúnadh na heitilte, is é sin, nuair a bheidh na ***taistealaithe*** ar bord na haerárthaí chun ullmhú le himeacht agus nuair nach féidir le ***taistealaithe*** a thuilleadh dul ar bord na haerárthaí ná imeacht uaithi. | 7. Aistreoidh aeriompróirí na sonraí API tráth na seiceála isteach agus díreach i ndiaidh dhúnadh na heitilte, is é sin, nuair a bheidh na ***paisinéirí*** ar bord na haerárthaí chun ullmhú le himeacht agus nuair nach féidir le ***paisinéirí*** a thuilleadh dul ar bord na haerárthaí ná imeacht uaithi. ***Tráth na seiceála isteach, aistreoidh aeriompróirí na sonraí API i gcomhréir leis an Rialachán seo agus leis na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha. Gheobhaidh aeriompróirí admháil go bhfuarthas aistriú na sonraí API.*** |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7a. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 19 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na rialacha mionsonraithe is gá a leagan síos maidir leis na prótacail choiteanna agus na formáidí sonraí inghlactha atá le húsáid le haghaidh aistrithe criptithe sonraí API chuig an ródaire dá dtagraítear i mír 6, lena n-áirítear aistriú sonraí API tráth na seiceála isteach agus na ceanglais maidir le slándáil sonraí. Leis na rialacha mionsonraithe sin,*** |

| | |
|---|---|
| | ***áiritheofar go dtarchuirfidh aerlínte sonraí API agus an struchtúr céanna agus an t-ábhar céanna a n-úsáid acu.*** |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 7 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7b. Déanfaidh PIUanna próiseáil ar shonraí API, arna n-aistriú chucu i gcomhréir leis an Rialachán seo, chun na gcríoch dá dtagraítear in Airteagal 1 agus chun na gcríoch sin amháin.*** <br><br> ***Ní dhéanfaidh PIUnna ná údaráis inniúla eile, in imthosca ar bith, sonraí API a phróiseáil chun críoch próifílithe.*** |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 8 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Gan dochar don fhéidearthacht ***go bhféadfadh aerárthaí*** na sonraí a choinneáil agus a úsáid ***i ngnáthchúrsa*** a ngnó i gcomhréir leis an dlí is infheidhme***, déanfaidh gach aeriompróir na sonraí API atá i gceist a cheartú, a chomhlánú nó a nuashonrú, nó a scrios go buan, sa dá chás seo a leanas:*** | ***Stórálfaidh aeriompróirí, ar feadh 24 uair an chloig ó am imeachta na heitilte, na sonraí API a bhaineann leis an bpaisinéir sin a bhailigh siad de bhun Airteagal 4. Scriosfaidh siad na sonraí API sin láithreach agus go buan nuair a rachaidh an tréimhse ama sin in éag. Beidh sé sin*** gan dochar don fhéidearthacht ***d'aeriompróirí*** na sonraí a choinneáil agus a úsáid ***nuair is gá le haghaidh ghnáthchúrsa*** a ngnó i gcomhréir leis an dlí is infheidhme ***agus go háirithe Rialachán (AE) 2016/679.*** <br><br> ***Déanfaidh aeriompróirí na sonraí API lena mbaineann a cheartú, a chomhlánú nó a nuashonrú láithreach, nó a scriosadh go buan, sa dá chás seo a leanas:*** |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 8 – fomhír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) i gcás ***go gcuirtear*** ar an eolas ***iad*** go bhfuil na sonraí API a bailíodh míchruinn, ***mí-iomlán*** nó nach bhfuil siad ***suas*** le dáta ***nó go ndearnadh iad a phróiseáil go neamhdhleathach, nach ionann sonraí API na sonraí a aistríodh***; | (a) i gcás ***ina dtiocfaidh siad*** ar an eolas go bhfuil na sonraí API a bailíodh míchruinn, ***neamhiomlán*** nó nach bhfuil siad ***cothrom*** le dáta ***a thuilleadh***; |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***8a. Déanfaidh aeriompróirí sonraí API a scriosadh láithreach agus go buan i gcás ina dtiocfaidh siad ar an eolas gur próiseáladh na sonraí API a bailíodh go neamhdhleathach nó nach sonraí API iad na sonraí a aistríodh.*** |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 8 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***8b. I gcás go dtiocfaidh na haeriompróirí ar an eolas dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 8 nó de mhír 8a tar éis dóibh na sonraí a aistriú i gcomhréir le mír 6, cuirfidh siad Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistíocht Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) ar an eolas láithreach. Nuair a fhaigheann siad*** |

***an fhaisnéis sin, cuirfidh eu-LISA ar an eolas láithreach na PIUnna a fuair na sonraí API arna dtarchur tríd an ródaire.***

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***9. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 19 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na rialacha mionsonraithe is gá a leagan síos maidir leis na prótacail choiteanna agus na formáidí sonraí inghlactha atá le húsáid chun sonraí API a aistriú chuig an ródaire dá dtagraítear i mír 6.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***9a. I gcomhréir le Treoir 2016/681, aistreoidh aeriompróirí sonraí PNR chuig an ródaire freisin, a mhéid a bhailítear na sonraí sin i ngnáthchúrsa a ngnó, chun na sonraí sin a tharchur ón ródaire chuig na PIUnna faoi seach i gcomhréir le hAirteagal 5(4). Ní cheadófar d'aeriompróirí sonraí PNR a aistriú i gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Threoir 2016/681 ar aon bhealach eile.*** |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 4a*** |
| | ***Cearta Bunúsacha*** |
| | ***1. Ní bheidh mar thoradh ar shonraí pearsanta a bhailiú agus a phróiseáil i gcomhréir leis an Rialacháin seo agus le Rialachán (AE) [Bainistiú Teorainneacha API] go ndéanfaidh aeriompróirí agus na húdaráis inniúla idirdhealú in aghaidh daoine ar na forais amhail gnéas agus inscne, cine, dath, bunadh eitneach nó sóisialta, gnéithe géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, ballraíocht de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh.*** |
| | ***2. Déanfar dínit an duine agus na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a urramú go hiomlán leis an Rialachán seo, lena n-áirítear an ceart go n-urramófaí saol príobháideach an duine, an ceart chun tearmainn, an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, an ceart chun saorghluaiseachta agus an ceart chun leigheasanna éifeachtacha dlí.*** |
| | ***3. Tabharfar aird ar leith ar leanaí, daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas agus daoine leochaileacha. Ba cheart tús áite a thabhairt do shárleas an linbh agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm.*** |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Caibidil 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***CAIBIDIL 2a (nua)*** |
| | ***FORÁLACHA A BHAINEANN LEIS AN*** |

***RÓDAIRE***

***Airteagal 4b***

***An Ródaire***

***1. Déanfaidh eu-LISA an ródaire a dhearadh, a fhorbairt, a óstáil agus a bhainistiú go teicniúil, i gcomhréir le hAirteagail 11a agus 11b, chun aistriú sonraí API criptithe agus sonraí PNR criptithe ag aeriompróirí chuig PIUnna a éascú i gcomhréir leis an Rialachán seo.***

***2. Is éard a bheidh sa ródaire:***

***(a) bonneagar lárnach, lena n-áirítear foireann comhpháirteanna teicniúla lena gcuimseofar tarchur sonraí API agus sonraí PNR;***

***(b) bealach cumarsáide slán idir an bonneagar lárnach agus na PIUnna, agus bealach cumarsáide slán idir an bonneagar lárnach agus na haeriompróirí, chun sonraí API agus sonraí PNR a aistriú agus le haghaidh aon chumarsáid a bhaineann leis sin.***

***3. Leis an ródaire, féadfar sonraí criptithe API a ghlacadh agus a tharchur.***

***4. Déanfaidh an ródaire an staidreamh a asbhaint agus a chur ar fáil go huathoibríoch, i gcomhréir le hAirteagal 31, don lárstóras um thuairisciú agus staidreamh.***

***5. Gan dochar d'Airteagal 4c den Rialachán seo, déanfaidh an ródaire, i gcás inarb iomchuí agus a mhéid is féidir go teicniúil, comhpháirteanna teicniúla na seirbhíse gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a], an gheata iompróra dá dtagraítear in Airteagal 6(2), pointe (k), de Rialachán (AE) 2018/1240, agus an geata iompróra dá dtagraítear in Airteagal 2a, pointe (h), a chomhroinnt agus a athúsáid, i gcás inarb iomchuí agus a mhéid is féidir go teicniúil, de Rialachán (CE) 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1b].***

***Déanfaidh eu-LISA an ródaire a dhearadh, a mhéid is féidir go teicniúil agus go hoibríochtúil, ar bhealach atá comhleanúnach agus comhsheasmhach leis na hoibleagáidí a chuirtear ar aeriompróirí le Rialachán (AE) 2017/2226, Rialachán (AE) 2018/1240 agus Rialachán (CE) 767/2008.***

***6. Déanfaidh eu-LISA an ródaire a dhearadh agus a fhorbairt ar bhealach ina ndéanfar sonraí API agus sonraí PNR a aistriú ó na haeriompróirí chuig an ródaire i gcomhréir le hAirteagal 4, agus i gcás aon tarchur sonraí API agus sonraí PNR ón ródaire chuig PIUnna i gcomhréir le hAirteagal 5 agus chuig an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh i gcomhréir le hAirteagal 16a(nua)(2), agus déanfar sonraí API agus sonraí PNR a chriptiú inn ar inn le linn idirthurais.***

***Airteagal 4c***

***Úsáid eisiach an ródaire***

***D'ainneoin úsáid an ródaire in Airteagal 10 de Rialachán (AE) [bainistiú teorainneacha API], ní úsáidfear an ródaire ach amháin:***

***(a) ag aeriompróirí chun sonraí criptithe API nó sonraí PNR eile a aistriú i gcomhréir leis an Rialachán seo;***

***(b) ag PIUnna chun sonraí criptithe API nó sonraí PNR eile a fháil i gcomhréir leis an Rialachán seo.***

***Airteagal 4d***

***Fíoruithe i bhformáid na sonraí agus fíoruithe aistrithe***

***1. Fíoróidh an ródaire, ar bhealach uathoibrithe agus bunaithe ar shonraí tráchta eitilte fíor-ama, ar aistrigh an t-aeriompróir na sonraí API i gcomhréir le hAirteagal 4(6).***

***2. Fíoróidh an ródaire láithreach agus ar bhealach uathoibrithe, an***

***gcomhlíonann na sonraí API a aistríodh chuige i gcomhréir le hAirteagal 6(1) de na rialacha mionsonraithe maidir leis na formáidí sonraí tacaithe, dá dtagraítear in Airteagal 4(7a).***

***3. I gcás ina mbeidh sé fíoraithe ag an ródaire i gcomhréir le mír 1 nár aistrigh an t-aeriompróir na sonraí nó i gcás nach gcomhlíonann na sonraí i dtrácht leis na rialacha mionsonraithe dá dtagraítear i mír 2, cuirfidh an ródaire an méid sin in iúl láithreach agus ar bhealach uathoibrithe don aeriompróir lena mbaineann agus d'údaráis inniúla teorann na mBallstát a raibh na sonraí le tarchur chucu de bhun Airteagal 11(1). Sa chás sin, aistreoidh an t-aeriompróir na sonraí API láithreach i gcomhréir le mír 6, mír 7 agus mír 7a d'Airteagal 4.***

***4. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena sonrófar na rialacha mionsonraithe teicniúla agus nós imeachta is gá le haghaidh na bhfíoruithe agus na bhfógraí dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3 den Airteagal seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 18a(2).***

___________________

***[1a] Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2017 lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú theorainneacha seachtracha na mBallstát agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí, agus lena leasaítear an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 (IO 327, 9.12.2017,***

***lch. 20).***

***[1b] Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) agus maidir le sonraí ar víosaí gearrfhanachta a mhalartú idir Bhallstáit (Rialachán VIS) (IO L 218, 13.8.2008, lch. 60).***

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Aistreoidh an ródaire, láithreach agus ar bhealach uathoibrithe, na sonraí API, arna n-aistriú chuige ag aeriompróirí de bhun Airteagal 4, chuig PIUnna an Bhallstáit a mbeidh an eitilt ag tuirlingt ***ar a chríoch nó a n-imeoidh an eitilt óna chríoch***, nó chuig an dá cheann i gcás eitiltí laistigh den Aontas. I gcás go bhfuil stad amháin nó níos mó le déanamh ag eitilt i gcríoch Ballstát eile seachas an Ballstát ónar imigh sí, aistreoidh an ródaire na sonraí API chuig PIUnna na mBallstát go léir atá i gceist. | ***Ar na fíoruithe dá dtagraítear in Airteagal 10a,*** aistreoidh an ródaire, láithreach agus ar bhealach uathoibrithe, na sonraí API, arna n-aistriú chuige ag aeriompróirí de bhun Airteagal 4, chuig PIUnna an Bhallstáit ***ar ar*** a ***chríoch a*** mbeidh an eitilt ag tuirlingt ***nó ag imeacht***, nó chuig an dá cheann i gcás eitiltí laistigh den Aontas. I gcás go bhfuil stad amháin nó níos mó le déanamh ag eitilt i gcríoch Ballstát eile seachas an Ballstát ónar imigh sí, aistreoidh an ródaire na sonraí API chuig PIUnna na mBallstát go léir atá i gceist. |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Le haghaidh*** eitiltí laistigh den Aontas, ***áfach, ní aistreoidh*** an ródaire ***chuig an PIU ach na*** sonraí API ***i dtaobh*** na n-eitiltí ***atá*** sa liosta dá dtagraítear i mír 2. | ***Mar sin féin, i gcás*** eitiltí laistigh den Aontas, ***ní tharchuirfidh*** an ródaire sonraí API na n-eitiltí ***a áirítear*** sa liosta dá dtagraítear i mír 2 ***ach chuig na PIUnna is infheidhme***. |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – fomhír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Aistreoidh an ródaire na sonraí API i gcomhréir leis na rialacha sonracha dá dtagraítear i mír 3, ***i gcás inar glacadh*** leis na rialacha sin agus inarb infheidhme iad. | Aistreoidh an ródaire na sonraí API i gcomhréir leis na rialacha sonracha dá dtagraítear i mír 3, ***a luaithe is a ghlacfar*** leis na rialacha sin agus inarb infheidhme iad. |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 19 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh tríd na rialacha teicniúla agus nós imeachta mionsonraithe a leagan síos is gá maidir le tarchuir sonraí API ón ródaire dá dtagraítear i mír 1. | 3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 19 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh tríd na rialacha teicniúla agus nós imeachta mionsonraithe a leagan síos is gá maidir le tarchuir sonraí API ón ródaire dá dtagraítear i mír 1***, lena n-áirítear na ceanglais maidir le slándáil sonraí***. |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Beidh feidhm mutatis mutandis ag an bhforáil seo maidir le sonraí PNR a tharchur ón ródaire chuig PIUnna na mBallstát i gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Threoir 2016/681, arb é an t-aon bhealach é do PIUnna sonraí PNR a fháil ó aeriompróirí.*** |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 5a*** |
| | ***Modheolaíocht agus critéir maidir le roghnú eitiltí laistigh den Aontas*** |
| | ***Na Ballstáit a chinneann Treoir (AE) 2016/681 agus an Rialachán seo dá thoradh sin a chur i bhfeidhm maidir le heitiltí laistigh den Aontas, déanfaidh siad an méid seo a leanas maidir le roghnú na n-eitiltí sin:*** |
| | ***(a) measúnú bagartha oibiachtúil, cuí-réasúnaithe agus neamh-idirdhealaitheach a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 2 de Threoir (AE) 2016/681, le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus leis na cearta bunúsacha a leagtar síos, inter alia, in Airteagal 7 agus in Airteagal 8 den Chairt um Chearta Bunúsacha;*** |
| | ***(b) ní chuirfidh siad san áireamh ach critéir atá ábhartha maidir le cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, a bhfuil nasc oibiachtúil acu, lena n-áirítear nasc indíreach, le hiompar paisinéirí d'aer agus nach bhfuil bunaithe ar náisiúntacht, inscne, aois, cine, dath, bunadh eitneach, teanga, reiligiún nó creideamh nó ballraíocht de mhionlach náisiúnta d'aon phaisinéirí nó de ghrúpaí paisinéirí amháin;*** |
| | ***(c) i gcásanna fíorbhagairt reatha nó bagairt sceimhlitheoireachta intuartha, féadfaidh na Ballstáit Treoir (AE) 2016/681 a chur i bhfeidhm maidir le gach eitilt laistigh den Aontas a thagann chuig a chríoch nó a imíonn uaithi, i gcinneadh atá teoranta ó thaobh ama de don mhéid a bhfuil fíorghá leis agus atá oscailte d'athbhreithniú éifeachtach. In éagmais an cháis den sórt sin, ní dhíríonn na Ballstáit ach ar*** |

***bhealaí sonracha, ar phatrúin taistil nó ar aerfoirt a bhfuil tásca ann ina leith go bhfuil gníomhaíochtaí amhrasacha ann a bhaineann le cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach agus a thugann údar le sonraí API a tharchur agus a phróiseáil; agus***

***(d) bain úsáid as foinsí amháin ar féidir leo bonn eolais a chur faoi mheasúnú bagartha oibiachtúil, réasúnaithe go cuí agus neamh-idirdhealaitheach.***

***Coimeádfaidh na Ballstáit an doiciméadacht uile maidir le measúnú ar bhagairt den sórt sin, lena n-áirítear maidir le faduithe i gcás inarb ábhartha, agus cuirfidh siad ar fáil í, i gcomhréir le Treoir 2016/680, dá n-údaráis mhaoirseachta neamhspleácha agus dá n-údaráis mhaoirseachta náisiúnta arna iarraidh sin dóibh.***

***Déanfaidh na Ballstáit fad a measúnuithe ar bhagairtí a theorannú don mhéid a bhfuil fíorghá leis, agus ar feadh tréimhse nach faide ná 3 mhí. Féadfar síneadh 3 mhí eile a chur leis an ré sin i gcás ina mbeidh údar cuí leis sin. Déanfaidh na Ballstáit athbhreithniú rialta ar liosta na n-eitiltí roghnaithe laistigh den Aontas, chun a áirithiú go gcloífear go docht le prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta.***

***Éascóidh an Coimisiún malartú rialta tuairimí maidir leis na critéir roghnúcháin do na measúnuithe oibiachtúla agus réasúnaithe ar bhagairtí, lena n-áirítear dea-chleachtais, agus, ar bhonn deonach, malartú faisnéise maidir le heitiltí roghnaithe.***

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 5b*** |

***Scriosadh na sonraí API ón ródaire***

***Ní stórálfar sonraí API, arna n-aistriú chuig an ródaire de bhun an Rialacháin seo, ar an ródaire ach amháin a mhéid is gá chun an tarchur chuig PIUanna a chur i gcrích agus scriosfar iad ón ródaire, láithreach, go buan agus ar bhealach uathoibrithe, sna cásanna seo a leanas:***

***(a) i gcás go bhfuil tarchur na sonraí API chuig na PIUnna ábhartha curtha i gcrích.***

***(b) i gcásanna nach bhfuil an ródaire in ann, ar chúiseanna teicniúla, na sonraí API a tharchur chuig PIU ina dhiaidh sin, tar éis 12 uair an chloig;***

***(c) i gcás ina mbaineann na sonraí API le heitiltí eile laistigh den Aontas seachas na heitiltí sin a bhí ar áireamh sna liostaí dá dtagraítear in Airteagal 5(2) den Rialachán seo. Cuirfidh an ródaire eu-LISA agus PIUnna ar an eolas go huathoibríoch maidir leis na heitiltí sin laistigh den Aontas a scriosadh láithreach chun críocha an staidrimh dá dtagraítear in Airteagal 16a(1).***

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír -1 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***-1. Coimeádfaidh eu-LISA logaí de na hoibríochtaí próiseála uile a bhaineann le haistriú sonraí API tríd an ródaire faoin Rialachán seo. Cumhdófar sna logaí sin an méid seo a leanas:*** |
| | ***(a) an t-aeriompróir a d'aistrigh na sonraí API chuig an ródaire;*** |
| | ***(b) na húdaráis inniúla agus PIUnna ar tarchuireadh na sonraí API chucu tríd an ródaire;*** |

|  |  |
|---|---|
|  | ***(c) dáta agus am an aistrithe dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b), agus áit an aistrithe;*** |
|  | ***(d) aon rochtain ag foireann eu-LISA is gá chun an ródaire a chothabháil, dá dtagraítear in Airteagal 11b(3);*** |
|  | ***(e) aon fhaisnéis eile a bhaineann leis na hoibríochtaí próiseála sin is gá chun faireachán a dhéanamh ar shlándáil agus ar shláine na sonraí API agus ar dhlíthiúlacht na n-oibríochtaí próiseála sin.*** |
|  | ***Ní áireofar sna logaí sin aon sonraí pearsanta, seachas an fhaisnéis is gá chun an ball foirne ábhartha de chuid eu-LISA, dá dtagraítear i bpointe (d) den chéad fhomhír, a shainaithint.*** |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Cruthóidh aeriompróirí de na hoibríochtaí próiseála uile faoin Rialachán seo agus é sin déanta agus úsáid á baint as an modh uathoibrithe dá dtagraítear in Airteagal 4(3). Clúdóidh na logaí sin dáta, am, agus áit aistrithe na sonraí API. | 1. Cruthóidh aeriompróirí de na hoibríochtaí próiseála uile faoin Rialachán seo agus é sin déanta agus úsáid á baint as an modh uathoibrithe dá dtagraítear in Airteagal 4(3). Clúdóidh na logaí sin dáta, am, agus áit aistrithe na sonraí API. ***Ní bheidh aon sonraí pearsanta sna logaí sin, seachas an fhaisnéis is gá chun ball foirne ábhartha an aeriompróra a shainaithint.*** |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Glacfaidh aeriompróirí bearta iomchuí chun na logaí a chosaint a chruthaigh siad de bhun mhír 1 in aghaidh | 3. Glacfaidh ***eu-LISA agus*** aeriompróirí bearta iomchuí chun na logaí a chosaint a chruthaigh siad de bhun mhír 1 |

| | |
|---|---|
| rochtana neamhúdaraithe agus rioscaí slándála eile. | in aghaidh rochtana neamhúdaraithe agus rioscaí slándála eile. |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Beidh rochtain ag na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 15 agus ag PIUnna ar na logaí ábhartha dá dtagraítear i mír 1 i gcás inar gá chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 2.*** |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 4 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Coimeádfaidh ***aeriompróirí*** na logaí a chruthaigh siad de bhun mhír 1, ar feadh tréimhse bliana ón tráth a cruthaíodh na logaí sin. Tar éis go mbeidh an tréimhse ama sin thart scriosfaidh siad na logaí sin láithreach agus go buan. | Coimeádfaidh ***eu-LISA agus*** na ***haeriompróirí na*** logaí a chruthaigh siad de bhun mhír 1, ar feadh tréimhse bliana ón tráth a cruthaíodh na logaí sin. Tar éis go mbeidh an tréimhse ama sin thart scriosfaidh siad na logaí sin láithreach agus go buan. |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 4 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Má ***tá gá leis*** na logaí sin***, áfach,*** le haghaidh nósanna imeachta chun ***monatóireacht*** a dhéanamh ar ***shlándáil*** agus ***shláine*** na sonraí ***API nó ar dhlíthiúlacht*** na n-oibríochtaí próiseála, ***nó chun an méid sin*** a áirithiú, ***mar a thagraítear dó i mír 2,*** agus má ***tá*** na | Má ***bhíonn*** na logaí sin ***ag teastáil*** le haghaidh nósanna imeachta chun ***faireachán*** a dhéanamh ar ***shonraí API nó chun slándáil*** agus ***sláine*** na sonraí ***sin nó dlíthiúlacht*** na n-oibríochtaí próiseála, ***dá dtagraítear i mír 2,*** a áirithiú, agus má ***bhíonn tús curtha cheana leis*** na nósanna |

nósanna imeachta sin ***tosaithe cheana tráth a thagann deireadh leis*** an tréimhse ama dá dtagraítear sa chéad fhomhír, féadfaidh aeriompróirí na logaí sin a choinneáil ***chomh fada*** is gá ***le haghaidh na n-imeachtaí*** sin. Sa chás sin, scriosfaidh siad ***láithreach*** na logaí sin nuair nach mbeidh ***gá leo*** a thuilleadh ***le haghaidh*** na nósanna imeachta sin.

imeachta sin ***ón uair a chuaigh*** an tréimhse ama dá dtagraítear sa chéad fhomhír ***in éag***, ***áfach,*** féadfaidh aeriompróirí na logaí sin a choinneáil ***a fhad*** is gá ***do na nósanna imeachta*** sin***, ar choinníoll go gcuirfidh eu-LISA nó na haeriompróirí in iúl don Choimisiún ar an ngá chun na logaí sin a choimeád agus na cúiseanna réasúnaithe leis sin a thabhairt dó***. Sa chás sin, scriosfaidh siad na logaí sin ***láithreach*** nuair nach mbeidh ***siad riachtanach*** a thuilleadh ***do*** na nósanna imeachta sin.

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 6a*** |
| | ***Gníomhaíochtaí i gcás nach mbeadh sé indéanta an ródaire a úsáid ar chúiseanna teicniúla*** |
| | ***1. I gcás nach mbeidh sé indéanta ar chúiseanna teicniúla an ródaire a úsáid chun sonraí API a tharchur, mar gheall ar mhainneachtain an ródaire, tabharfaidh eu-LISA fógra láithreach ar bhealach uathoibrithe do na haeriompróirí agus do na PIUnna faoin dodhéantacht sin ar chúiseanna teicniúla. Sa chás sin, déanfaidh eu-LISA bearta láithreach chun aghaidh a thabhairt ar an dodhéantacht an ródaire a úsáid ar chúiseanna teicniúla agus tabharfaidh sé fógra láithreach do na páirtithe sin nuair a bheidh aghaidh tugtha air.*** |
| | ***Le linn na tréimhse idir na fógraí sin, ní bheidh feidhm ag Airteagal 4(6), sa mhéid go gcuirtear cosc ar aistriú na sonraí API chuig an ródaire sin mar gheall ar an dodhéantacht ar chúiseanna teicniúla. Sa mhéid gurbh amhlaidh, ní bheidh feidhm ag Airteagal 4, míreanna 1 agus 8 ach an*** |

***oiread maidir leis na sonraí API atá i gceist le linn na tréimhse sin.***

***2. I gcás nach mbeidh sé indéanta ar chúiseanna teicniúla an ródaire a úsáid chun sonraí API a aistriú de dheasca chliseadh na gcóras nó an bhonneagair náisiúnta i mBallstát dá dtagraítear in Airteagal 10, tabharfaidh PIU an Bhallstáit sin fógra láithreach do na haeriompróirí, do na PIUnna eile, do eu-LISA agus don Choimisiún ar bhealach uathoibrithe faoin dodhéantacht sin ar chúiseanna teicniúla. Sa chás sin, déanfaidh an Ballstát bearta láithreach chun aghaidh a thabhairt ar an dodhéantacht an ródaire a úsáid ar chúiseanna teicniúla agus tabharfaidh sé fógra láithreach do na páirtithe sin nuair a bheidh aghaidh tugtha air.***

***Le linn na tréimhse idir na fógraí sin, ní bheidh feidhm ag Airteagal 4(6), sa mhéid go gcuirtear cosc ar aistriú na sonraí API chuig an ródaire sin mar gheall ar an dodhéantacht ar chúiseanna teicniúla. Sa mhéid gurbh amhlaidh, ní bheidh feidhm ag Airteagal 4(1) ach an oiread maidir leis na sonraí API atá i gceist le linn na tréimhse sin.***

***3. I gcás nach mbeidh sé indéanta ar chúiseanna teicniúla an ródaire a úsáid chun sonraí API a aistriú de dheasca chliseadh na gcóras nó an bhonneagair náisiúnta de chuid aeriompróra dá dtagraítear in Airteagal 11, tabharfaidh an t-aeriompróir fógra láithreach do na haeriompróirí, do na PIUnna eile, do eu-LISA agus don Choimisiún ar bhealach uathoibrithe faoin dodhéantacht sin ar chúiseanna teicniúla. Sa chás sin, déanfaidh an t-aeriompróir sin bearta láithreach chun aghaidh a thabhairt ar an dodhéantacht an ródaire a úsáid ar chúiseanna teicniúla agus tabharfaidh sé fógra láithreach do na páirtithe sin nuair a bheidh aghaidh tugtha air.***

***Le linn na tréimhse idir na fógraí sin, ní bheidh feidhm ag Airteagal 4(6), sa mhéid***

***go gcuirtear cosc ar aistriú na sonraí API chuig an ródaire sin mar gheall ar an dodhéantacht ar chúiseanna teicniúla. Sa mhéid gurbh amhlaidh, ní bheidh feidhm ag Airteagal 4(1) ach an oiread maidir leis na sonraí API atá i gceist le linn na tréimhse sin.***

***Nuair a bheidh aghaidh tugtha ar an dodhéantacht theicniúil, cuirfidh an t-aeriompróir atá i gceist, gan mhoill, faoi bhráid an údaráis mhaoirseachta náisiúnta inniúil dá dtagraítear in Airteagal 15, tuarascáil ina mbeidh na sonraí go léir is gá faoin dodhéantacht ar chúiseanna teicniúla, lena n-áirítear na cúiseanna leis an dodhéantacht ar chúiseanna teicniúla, fairsinge agus iarmhairtí na dodhéantachta sin chomh maith leis na bearta a glacadh chun aghaidh a thabhairt air.***

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh ***na*** PIUnna ina rialaitheoirí, de réir bhrí Airteagal 3, ***pointe*** (8), de ***Threoir*** (AE) 2016/680 i ndáil le sonraí API ***a phróiseáil atá comhionann le*** sonraí pearsanta ***de réir an Rialacháin seo*** tríd an ródaire, lena n-áirítear na sonraí sin ***a tharchur agus a stóráil ar an*** ródaire ar chúiseanna teicniúla. | Beidh PIUnna ina rialaitheoirí, de réir bhrí Airteagal 3, ***pointe*** (8), de ***Threoir*** (AE) 2016/680***,*** i ndáil le ***próiseáil*** sonraí API ***faoin Rialachán seo ar*** sonraí pearsanta ***iad*** tríd an ródaire, lena n-áirítear ***tarchur*** na sonraí ***ón ródaire chuig na PIUnna agus stóráil na sonraí*** sin ***sa*** ródaire ar chúiseanna teicniúla***, agus i ndáil le próiseáil na sonraí API ar sonraí pearsanta iad dá dtagraítear in Airteagal 4(7b) den Rialachán seo***. |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***Airteagal 7a*** |
| | ***Próiseálaí sonraí pearsanta*** |
| | ***Beidh eu-LISA ina phróiseálaí thar ceann PIUnna de réir bhrí Airteagal 3, pointe (9), de Threoir (AE) 2016/680 i ndáil le sonraí API ar sonraí pearsanta iad a phróiseáil tríd an ródaire i gcomhréir leis an Rialachán seo.*** |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 b (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***Airteagal 7b*** |
| | ***Faisnéis do phaisinéirí*** |
| | ***I gcomhréir leis an gceart chun faisnéise in Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2016/679, soláthróidh aeriompróirí do phaisinéirí, ar eitiltí a chumhdaítear leis an Rialachán seo, faisnéis maidir le cuspóir bhailiú a sonraí pearsanta, cineál na sonraí pearsanta a bailíodh, faighteoirí na sonraí pearsanta agus na modhanna chun cearta an ábhair sonraí a fheidhmiú.*** |
| | ***Cuirfear an fhaisnéis sin in iúl do phaisinéirí i scríbhinn agus i bhformáid a bheidh inrochtana go héasca tráth na háirithinte agus tráth an tseiceáil isteach, beag beann ar na modhanna a úsáidtear chun na sonraí pearsanta a bhailiú tráth an tseiceáil isteach, i gcomhréir le hAirteagal 4.*** |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áiritheoidh PIUnna agus aeriompróirí slándáil na sonraí API, go háirithe sonraí API atá comhionann le sonraí pearsanta, a phróiseálann siad de bhun an Rialacháin ***sin***. | ***1.*** Áiritheoidh PIUnna agus aeriompróirí slándáil na sonraí API, go háirithe sonraí API atá comhionann le sonraí pearsanta, a phróiseálann siad de bhun an Rialacháin ***seo***. |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Comhoibreoidh PIUnna agus aeriompróirí, i gcomhréir lena gcuid freagrachtaí faoi seach agus i gcomhréir le dlí an Aontais, lena chéile agus le eu-LISA chun an tslándáil sin a áirithiú. | ***2.*** Comhoibreoidh PIUnna agus aeriompróirí, i gcomhréir lena gcuid freagrachtaí faoi seach agus i gcomhréir le dlí an Aontais, lena chéile agus le eu-LISA chun an tslándáil sin a áirithiú. |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Áiritheoidh eu-LISA slándáil agus criptiú na sonraí API, go háirithe sonraí API atá comhionann le sonraí pearsanta, a phróiseálfaidh sé de bhun an Rialacháin seo. Áiritheoidh PIUnna agus na haeriompróirí slándáil na sonraí API, go háirithe sonraí API ar sonraí pearsanta iad, a phróiseálann siad de bhun an Rialacháin seo. Beidh eu-LISA, PIUnna agus na haeriompróirí i gcomhar le chéile, i gcomhréir lena bhfreagrachtaí faoi seach agus i gcomhréir le dlí an Aontais, chun an tslándáil sin a áirithiú.*** |

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2b. Go sonrach, déanfaidh eu-LISA na bearta is gá chun slándáil an ródaire agus na sonraí API, go háirithe sonraí API ar sonraí pearsanta iad, a tharchur tríd an ródaire, lena n-áirítear trí phlean slándála, plean leanúnachais gnó agus plean athshlánaithe ó thubaiste a bhunú, a chur chun feidhme agus a tabhairt cothrom le dáta go rialta, chun an méid seo a leanas a dhéanamh:*** |
| | ***(a) an ródaire a chosaint go fisiciúil, lena n-áirítear trí phleananna teagmhasacha a dhéanamh chun comhpháirteanna criticiúla de a chosaint;*** |
| | ***(b) cosc a chur ar aon phróiseáil neamhúdaraithe de na sonraí API, lena n-áirítear aon rochtain neamhúdaraithe orthu agus iad a chóipeáil, a mhodhnú nó a scriosadh, le linn aistriú na sonraí API chuig an ródaire agus uaidh agus le linn stóráil na sonraí API ar an ródaire i gcás inar gá sin chun an tarchur a thabhairt chun críche, go háirithe trí theicnící criptithe iomchuí;*** |
| | ***(c) a áirithiú gur féidir a fhíorú agus a shuí cé PIUnna a dhéantar sonraí API a tharchur tríd an ródaire ;*** |
| | ***(d) tuairisciú mar is ceart dá Bhord Bainistíochta faoi aon fhabht i bhfeidhmiú an ródaire;*** |
| | ***(e) faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart slándála a cheanglaítear faoin Airteagal seo agus faoi Rialachán (AE) 2018/1725, agus na bearta slándála sin a mheasúnú agus a thabhairt cothrom le dáta i gcás inar gá sin i bhfianaise forbairtí teicneolaíocha nó oibríochtúla.*** |
| | ***Ní dhéanfaidh na bearta dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo difear d'Airteagal 33 de Rialachán (AE)*** |

***2018/1725 agus d'Airteagal 32 de Rialachán (AE) 2016/679.***

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 9a*** |
| | ***Iniúchtaí ar chosaint sonraí pearsanta*** |
| | ***1. Áiritheoidh na húdaráis mhaoirseachta neamhspleácha dá dtagraítear in Airteagal 41 de Threoir (AE) 2016/680, uair amháin ar a laghad gach 4 bliana, go ndéanfar iniúchadh ar oibríochtaí próiseála ar shonraí API ar sonraí pearsanta iad arna ndéanamh ag PIUnna, i gcomhréir leis na caighdeáin iniúchóireachta idirnáisiúnta ábhartha.*** |
| | ***2. Déanfaidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, uair amháin sa bhliain ar a laghad, iniúchadh ar oibríochtaí próiseála ar shonraí API ar sonraí pearsanta iad arna ndéanamh ag eu-LISA chun críocha an Rialacháin seo i gcomhréir leis na caighdeáin iniúchóireachta idirnáisiúnta ábhartha. Seolfar tuarascáil ar an iniúchóireacht sin chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig na Ballstáit agus chuig eu-LISA. Tabharfar deis do eu-LISA barúlacha a thabhairt sula nglacfar na tuarascálacha.*** |
| | ***3. Maidir leis na hoibríochtaí próiseála dá dtagraítear i mír 2, arna iarraidh sin, soláthróidh eu-LISA faisnéis arna hiarraidh ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, tabharfaidh sé rochtain don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ar na doiciméid go léir a iarrfaidh sé agus ar na logaí dá dtagraítear in Airteagal 6, agus tabharfaidh sé cead rochtana don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí*** |

| | |
|---|---|
| | ***ar áitribh uile eu-LISA tráth ar bith.*** |

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áiritheoidh na Ballstáit go gcumasóidh an ceangal agus an comhtháthú leis an ródaire sin a gcuid PIUnna chun glacadh leis na sonraí API agus tuilleadh próiseála a dhéanamh orthu, chomh maith le haon chumarsáidí i ndáil leis a mhalartú, ar bhealach dlíthiúil, slán, éifeachtach agus tapa. | Áiritheoidh na Ballstáit go gcumasóidh an ceangal agus an comhtháthú leis an ródaire sin a gcuid PIUnna chun glacadh leis na sonraí API agus tuilleadh próiseála a dhéanamh orthu, chomh maith le haon chumarsáidí i ndáil leis a mhalartú, ar bhealach dlíthiúil, slán, éifeachtach agus tapa. |

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 19 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh tríd na rialacha mionsonraithe is gá a leagan síos maidir leis na naisc agus an comhtháthú leis an ródaire dá dtagraítear i mír 1. | 2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 19 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh tríd na rialacha mionsonraithe is gá a leagan síos maidir leis na naisc agus an comhtháthú leis an ródaire dá dtagraítear i mír 1***, lena n-áirítear na ceanglais maidir le slándáil sonraí***. |

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 19 chun | 2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 19 chun |

| | |
|---|---|
| an Rialachán seo a fhorlíonadh tríd na rialacha mionsonraithe is gá a leagan síos maidir leis na naisc agus an comhtháthú leis an ródaire dá dtagraítear i mír 1. | an Rialachán seo a fhorlíonadh tríd na rialacha mionsonraithe is gá a leagan síos maidir leis na naisc agus an comhtháthú leis an ródaire dá dtagraítear i mír 1***, lena n-áirítear na ceanglais maidir le slándáil sonraí***. |

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 11a*** |
| | ***Cúraimí eu -LISA a bhaineann le dearadh agus forbairt an ródaire*** |
| | ***1. Beidh eu-LISA freagrach as ailtireacht fhisiceach an ródaire a dhearadh, lena n-áirítear na sonraíochtaí teicniúla a shainiú.*** |
| | ***2. Beidh eu-LISA freagrach as an ródaire a fhorbairt, lena n-áirítear as aon oiriúnuithe teicniúla is gá d'oibríochtaí an ródaire. Is é a bheidh i bhforbairt an ródaire forbairt agus cur chun feidhme na sonraíochtaí teicniúla, tástáil agus bainistiú agus comhordú foriomlán an tionscadail ag an gcéim forbartha.*** |
| | ***3. Áiritheoidh eu-LISA go ndéanfar an ródaire a dhearadh agus a fhorbairt ar bhealach go gcuirfidh an ródaire na feidhmiúlachtaí a shonraítear sa Rialachán seo ar fáil, agus go gcuirfidh an ródaire tús le hoibríochtaí a luaithe is féidir tar éis don Choimisiún na gníomhartha tarmligthe dá bhforáiltear in Airteagal 4(5) agus Airteagal (9), Airteagal 5(3), Airteagal 10(2), Airteagal 11(2) a ghlacadh agus tar éis measúnú tionchair ar chosaint sonraí a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 35 de Rialachán (AE) 2016/679.*** |
| | ***4. I gcás ina measfaidh eu-LISA gur cuireadh an chéim forbartha i gcrích,*** |

***déanfaidh sé, gan moill mhíchuí, tástáil chuimsitheach ar an ródaire, i gcomhar le PIUnna agus le húdaráis ábhartha eile na mBallstát agus le haeriompróirí, agus cuirfidh sé toradh na tástála sin in iúl don Choimisiún.***

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 11b*** |
| | ***Cúraimí eu-LISA a bhaineann le hóstáil agus bainistiú teicniúil an ródaire*** |
| | ***1. Déanfaidh eu-LISA an ródaire a óstáil ar a shuíomhanna teicniúla.*** |
| | ***2. Beidh eu-LISA freagrach as bainistiú teicniúil an ródaire, lena n-áirítear a chothabháil agus a fhorbairtí teicniúla, ar bhealach lena n-áiritheofar go ndéanfar sonraí API a tharchur go slán, go héifeachtach agus go tapa tríd an ródaire, i gcomhréir leis an Rialachán seo.*** |
| | ***Is éard a bheidh i gceist le bainistíocht theicniúil an ródaire na cúraimí uile a dhéanamh agus na réitigh theicniúla uile a achtú atá riachtanach d'fheidhmiú cuí an ródaire i gcomhréir leis an Rialachán seo, gan bhriseadh, 24 uair sa lá, 7 lá sa tseachtain. Cuimseofar ann an obair chothabhála agus na forbairtí teicniúla is gá lena n-áirithiú go bhfeidhmeoidh an ródaire ar leibhéal sásúil teicniúil, go háirithe maidir le hinfhaighteacht, cruinneas agus iontaofacht tharchur na sonraí API, i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla agus, a mhéid is féidir, i gcomhréir le riachtanais oibríochtúla na PIUnna agus na n-aeriompróirí.*** |
| | ***3. Ní bheidh rochtain ag eu-LISA ar*** |

***aon sonraí API a tharchuirfear tríd an ródaire. Mar sin féin, ní chuirfidh an toirmeasc sin bac ar eu-LISA an rochtain sin a fháil a mhéid is fíorghá chun an ródaire a chothabháil.***

***4. Gan dochar do mhír 3 den Airteagal seo agus d'Airteagal 17 de Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68[1a] ón gComhairle, cuirfidh eu-LISA rialacha iomchuí rúndachta gairmiúla nó dualgais choibhéiseacha rúndachta eile i bhfeidhm maidir lena fhoireann a gceanglaítear orthu oibriú le sonraí API a tharchuirtear tríd an ródaire. Beidh feidhm ag an oibleagáid seo chomh maith tar éis do na comhaltaí foirne sin an oifig nó an fhostaíocht a fhágáil nó tar éis dóibh a gcuid gníomhaíochtaí a fhoirceannadh.***

______________

***[1a] Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle an 29 Feabhra 1968 lena leagtar síos Rialacháin Foirne Oifigigh na gComhphobal Eorpach agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile na gComhphobal Eorpach agus lena dtionscnaítear bearta speisialta is infheidhme ar bhonn sealadach maidir le hoifigigh an Choimisiúin (IO L 56, 4.3.1968, lch. 1).***

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal11c.*** |
| | ***Cúraimí tacaíochta eu-LISA a bhaineann leis an ródaire*** |
| | ***1. Soláthróidh eu-LISA, arna iarraidh sin dó, oiliúint do PIUnna agus d'údaráis ábhartha eile na mBallstát agus*** |

***d'aeriompróirí maidir le húsáid theicniúil an ródaire agus maidir leis an nasc agus an comhtháthú leis an ródaire.***

***2. Tabharfaidh eu-LISA tacaíocht do PIUnna maidir le sonraí API a fháil tríd an ródaire de bhun an Rialacháin seo, go háirithe maidir le hAirteagal 5 agus Airteagal 10 den Rialachán seo a chur i bhfeidhm.***

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Costais na mBallstát | Costais ***eu-Lisa agus*** na mBallstát |

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír -1 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***-1. Is ar bhuiséad ginearálta an Aontais a thitfidh na costais a thabhóidh eu-LISA i ndáil le dearadh, forbairt, óstáil agus bainistíocht theicniúil an ródaire faoin Rialachán seo. I bhfianaise leasanna an Aontais atá i gceist, i dtaca leis na freagrachtaí atá air maidir le dearadh, forbairt, óstáil agus bainistiú teicniúil agus cothabháil theicniúil an ródaire, cuirfear ar fáil do eu-LISA na hacmhainní is gá faoi bhuiséad an Aontais i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme.*** |

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Seasfaidh buiséad ginearálta an Aontais costais arna dtabhú ag na Ballstáit i ndáil lena gcuid nasc agus a gcomhtháthú leis an ródaire dá dtagraítear in Airteagal 10. | Seasfaidh buiséad ginearálta an Aontais costais arna dtabhú ag ***eu-LISA agus ag*** na Ballstáit i ndáil lena gcuid nasc agus a gcomhtháthú leis an ródaire dá dtagraítear in Airteagal 10. |

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Is ar bhuiséad ginearálta an Aontais a thitfidh na costais a thabhóidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i ndáil leis na cúraimí a chuirtear air faoin Rialachán seo.*** |

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1b. Is ar na Ballstáit a thitfidh na costais a thabhóidh na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta neamhspleácha i ndáil leis na cúraimí a chuirtear orthu faoin Rialachán seo.*** |

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Seasfaidh gach Ballstát*** na costais a ***eascraíonn*** as riar, úsáid agus cothabháil a ***gcuid*** nasc agus a gcomhtháthú leis an | 2. ***Íocfaidh*** na ***Ballstáit freisin na*** costais a ***thiocfaidh*** as riar, úsáid agus cothabháil a nasc ***leis an ródaire*** agus ***as*** a |

| | |
|---|---|
| ródaire. | gcomhtháthú leis an ródaire. |

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***[...]*** | ***scriosta*** |

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 14a*** |
| | ***Tús oibríochtaí an ródaire*** |
| | ***Cinnfidh an Coimisiún, gan moill mhíchuí, an dáta óna gcuirfear tús le hoibríochtaí an ródaire trí bhíthin gníomh cur chun feidhme a luaithe a chuirfidh eu-LISA an Coimisiún ar an eolas gur cuireadh an tástáil chuimsitheach ar an ródaire dá dtagraítear in Airteagal 11a (4) i gcrích go rathúil. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 18a(2).*** |
| | ***Socróidh an Coimisiún nach mbeidh an dáta dá dtagraítear sa chéad fhomhír níos déanaí ná 30 lá ón dáta a nglacfar an gníomh cur chun feidhme sin.*** |

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 14b*** |
| | ***Úsáid dheonach an ródaire agus Treoir 2004/82/CE á cur i bhfeidhm*** |
| | ***1. Beidh aeriompróirí i dteideal an ródaire a úsáid chun an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 3(1) de Threoir 2004/82/CE a tharchur chuig ceann amháin nó níos mó de na PIUnna fhreagracha dá dtagraítear inti, i gcomhréir leis an Treoir sin, ar choinníoll gur aontaigh an PIU freagrach lena mbaineann leis an úsáid sin, ó dháta iomchuí arna shocrú ag an PIU sin. Ní chomhaontóidh an PIU é sin go dtí go suífidh sé, go háirithe maidir lena cheangal féin leis an ródaire agus le ceangal an aeriompróra lena mbaineann, go bhféadfar an fhaisnéis a tharchur ar bhealach dleathach, slán, éifeachtach agus tapa.*** |
| | ***2. I gcás ina dtosóidh aeriompróir ag úsáid an ródaire i gcomhréir le mír 1, leanfaidh sé den ródaire sin a úsáid chun an fhaisnéis sin a tharchur chuig an PIU freagrach lena mbaineann go dtí dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 21. Scoirfear den úsáid sin, áfach, ó dháta iomchuí a shocróidh an PIU sin, i gcás ina measfaidh an PIU sin go bhfuil cúiseanna oibiachtúla ann lena n-éilítear scor dá leithéid agus gur chuir sé an t-aeriompróir ar an eolas dá réir sin.*** |
| | ***3. Déanfaidh an PIU freagrach lena mbaineann an méid seo a leanas:*** |
| | ***(a) rachaidh sé i gcomhairle le eu-LISA sula n-aontóidh sé le húsáid dheonach an ródaire i gcomhréir le mír 1;*** |
| | ***(b) cé is moite de chásanna práinne a mbeidh údar cuí leo, tabharfaidh sé deis don aeriompróir lena mbaineann a thuairim a thabhairt ar a rún go scoirfidh sé den úsáid sin i gcomhréir le mír 2 agus,*** |

| | |
|---|---|
| | ***más ábhartha, rachaidh sé i gcomhairle le eu-LISA ina leith sin freisin;*** |
| | ***(c) cuirfidh sé eu-LISA agus an Coimisiún ar an eolas láithreach faoi aon úsáid den sórt sin a chomhaontaigh sé agus faoi aon scor d'úsáid den sórt sin agus soláthróidh sé an fhaisnéis uile is gá, lena n-áirítear dáta tosaithe na húsáide, dáta an scoir agus na cúiseanna leis an scor, de réir mar is infheidhme.*** |

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 14c*** |
| | ***Úsáid an ródaire le haghaidh sonraí PNR*** |
| | ***Beidh feidhm mutatis mutandis ag forálacha Chaibidil 3 agus Chaibidil 4 maidir le haistriú agus tarchur éigeantach sonraí PNR tríd an ródaire.*** |

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16– mír 1 agus mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear ina bpionóis éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha. | ***1.*** Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear ina bpionóis éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha. |
| Fógróidh na Ballstáit, faoi dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo dá dtagraítear in Airteagal 21, dara fomhír, don Choimisiún faoi na rialacha sin agus na bearta sin, agus tabharfaidh siad fógra dó, gan mhoill, faoi aon leasú ina dhiaidh sin | Fógróidh na Ballstáit, faoi dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo dá dtagraítear in Airteagal 21, dara fomhír, don Choimisiún faoi na rialacha sin agus na bearta sin, agus tabharfaidh siad fógra dó, gan mhoill, faoi aon leasú ina dhiaidh sin |

| | |
|---|---|
| lena ndéanfar difear dóibh. | lena ndéanfar difear dóibh. |

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Áiritheoidh na Ballstáit, agus cinneadh á dhéanamh acu ar cheart pionós a fhorchur agus cineál agus leibhéal an phionóis á chinneadh acu, go gcuirfidh na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta na himthosca ábhartha san áireamh, lena bhféadfar an méid seo a leanas a áireamh:*** |
| | ***(a) cineál, tromchúis agus fad an tsáraithe;*** |
| | ***(b) a mhéid atá locht ar an aeriompróir;*** |
| | ***(c) sáruithe a rinne an t-aeriompróir roimhe sin;*** |
| | ***(d) leibhéal foriomlán chomhar an aeriompróra leis na húdaráis inniúla;*** |
| | ***(e) méid an aeriompróra, amhail líon bliantúil na bpaisinéirí a iompraítear;*** |
| | ***(f) ar chuir údaráis mhaoirseachta náisiúnta API eile pionóis roimhe seo i bhfeidhm cheana féin ar an iompróir céanna as an sárú céanna.*** |

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1b. Áiritheoidh na Ballstáit go ngearrfar pionóis airgeadais suas le 2 % de láimhdeachas iomlán an Aeriompróra*** |

***don bhliain ghnó roimhe sin as mainneachtain chórasach nó leanúnach oibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán sin a chomhlíonadh.***

**Leasú 120**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 16a*** |
| | ***Staidreamh*** |
| | ***1. Chun tacú le cur chun feidhme agus maoirseacht an Rialacháin seo agus bunaithe ar an bhfaisnéis staidrimh dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo, foilseoidh eu-LISA staitisticí gach ráithe maidir le feidhmiú an ródaire agus maidir le comhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo ag aeriompróirí. Ní bheifear in ann daoine aonair a shainaithint leis na staidreamh sin.*** |
| | ***Léireofar an méid seo a leanas go háirithe sa staidreamh:*** |
| | ***(a) líon na bpaisinéirí ar a dtarchuirfear sonraí API agus PNR,*** |
| | ***(b) líon na n-eitiltí a dtarchuirfear sonraí API agus PNR ina leith,*** |
| | ***(c) líon na n-eitiltí nach dtarchuirfear sonraí API agus PNR orthu,*** |
| | ***(d) líon na dteachtaireachtaí API agus PNR a tharchuirfear in am chuig PIUs,*** |
| | ***(e) líon na bpaisinéirí a chuaigh ar bord an aerárthaigh le sonraí API neamhchruinne, neamhiomlána nó nach bhfuil cothrom le dáta a thuilleadh, mar aon le doiciméad taistil neamhaitheanta.*** |
| | ***2. Chun na gcríoch a leagtar amach i mír 1, déanfaidh an ródaire na sonraí a liostaítear i mír 5 a tharchur go huathoibríoch chuig an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh arna bhunú*** |

***in Airteagal 39 de Rialachán (AE) 2019/818.***

***3. Chun tacú le cur chun feidhme agus maoirseacht an Rialacháin seo, ag deireadh gach bliana, tiomsóidh eu-LISA sonraí staidrimh i dtuarascáil bhliantúil na bliana sin. Foilseoidh sé an tuarascáil bhliantúil sin agus tarchuirfidh sé í chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, chuig an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta agus chuig na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 15.***

***4. Arna iarraidh sin don Choimisiún, cuirfidh eu-LISA ar fáil dó staitisticí maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le cur chun feidhme an Rialacháin seo maille le staitisticí de bhun mhír 3.***

***5. Soláthróidh an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh do eu-LISA an fhaisnéis staidrimh is gá don tuairisciú dá dtagraítear in Airteagal 20 agus chun staidreamh a ghiniúint i gcomhréir leis an Airteagal seo, gan an staidreamh sin maidir le API lenar féidir na paisinéirí lena mbaineann a shainaithint, áfach:***

***(a) dáta tosaigh agus pointe tosaigh na bordála, agus dáta agus aerfort iontrála isteach i gcríoch Ballstáit;***

***(b) cineál an doiciméid taistil agus cód trí litir na tíre a d'eisigh an doiciméad taistil agus dáta éaga an doiciméid taistil;***

***(c) líon na bpaisinéirí a seiceáladh isteach ar an eitilt chéanna;***

***(d) cibé acu an eitilt sceidealaithe nó eitilt neamhsceidealaithe í an eitilt;***

***(e) an bhfuil sonraí pearsanta an phaisinéara cruinn, iomlán agus cothrom le dáta.***

***6. Chun críocha an tuairiscithe dá dtagraítear in Airteagal 20 agus chun staidreamh a chruthú i gcomhréir leis an***

| | |
|---|---|
| | ***Airteagal seo, déanfaidh eu-LISA na sonraí dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo a stóráil sa lárstóras um thuairisciú agus staidreamh arna bhunú le hAirteagal 39 de Rialachán (AE) 2019/817. Déanfaidh sé na sonraí sin a stóráil ar feadh tréimhse trí bliana i gcomhréir le mír 2, gan na sonraí lenar féidir na paisinéirí lena mbaineann a shainaithint.*** |
| | ***Cuirfidh an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh ar fáil d'fhoireann PIUnna údaraithe go cuí agus d'údaráis ábhartha eile na mBallstát tuarascálacha agus staidreamh inoiriúnaithe maidir le API dá dtagraítear i mír 5 chun an Rialachán seo a chur chun feidhme agus maoirseacht a dhéanamh air.*** |
| | ***7. Beidh toirmeasc ar úsáid na sonraí dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo le haghaidh anailís riosca uathoibrithe nó neamh-uathoibrithe, próifílithe nó measúnú riosca tuarthach.*** |
| | ***8. Áireofar leis na nósanna imeachta arna gcur ar bun ag eu-LISA chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairt agus ar fheidhmiú an ródaire dá dtagraítear in Airteagal 39(1) de Rialachán (AE) 2019/818, an fhéidearthacht staidreamh rialta a sholáthar chun an faireachán sin a áirithiú.*** |

**Leasú 121**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Ullmhóidh*** an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na ***PIUnna eile***, le húdaráis ábhartha eile na mBallstát, leis na haeriompróirí agus le gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais, lámhleabhar praiticiúil, ina mbeidh treoirlínte, moltaí agus dea-chleachtais ***um chur*** chun feidhme an | ***Déanfaidh*** an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na ***PUInna***, le húdaráis ábhartha eile na mBallstát, leis na haeriompróirí agus le gníomhaireachtaí ábhartha ***de chuid*** an Aontais, ***go háirithe leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus leis an nGníomhaireacht um Chearta*** |

| | |
|---|---|
| Rialacháin seo agus ***cuirfidh sé an lámhleabhar sin ar fáil go poiblí***. | ***Bunúsacha,*** lámhleabhar praiticiúil ***a ullmhú agus a chur ar fáil go poiblí***, ina mbeidh treoirlínte, moltaí agus dea-chleachtais ***maidir le cur*** chun feidhme an Rialacháin seo***, lena n-áirítear maidir le cearta bunúsacha a chomhlíonadh*** agus ***maidir le pionóis i gcomhréir le hAirteagal 16***. |

**Leasú 122**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 17a*** |
| | ***Grúpa Saineolaithe API*** |
| | ***1. Bunófar Grúpa Saineolaithe API le héifeacht ón ... [mí amháin ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] i gcomhréir leis na rialacha cothrománacha maidir le cruthú agus oibriú ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin. Éascóidh sé comhar agus malartú faisnéise maidir le hoibleagáidí a eascraíonn as an Rialachán seo agus saincheisteanna a bhaineann leis an Rialachán seo i measc na mBallstát, institiúidí an Aontais agus geallsealbhóirí.*** |
| | ***2. Beidh an Grúpa Saineolaithe API comhdhéanta d'ionadaithe ón gCoimisiún Eorpach, ó údaráis ábhartha na mBallstát, ó Pharlaimint na hEorpa agus ó eu-LISA. I gcás inarb ábhartha chun a chúraimí a chomhlíonadh, féadfaidh Grúpa Saineolaithe API cuireadh a thabhairt do gheallsealbhóirí ábhartha, go háirithe ionadaithe aeriompróirí, MECS agus na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta neamhspleácha, chun páirt a ghlacadh ina chuid oibre. Beidh ionadaí an Choimisiúin ina chathaoirleach ar Ghrúpa Saineolaithe API.*** |

**Leasú 123**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 1**
Rialachán (AE) 2019/818
Airteagal 39 – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh eu-LISA an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh dá dtagraítear in Airteagal 74 de Rialachán (AE) 2018/1862 agus Airteagal 32 de Rialachán (AE) 2019/816, arna scaradh go loighciúil ag córas faisnéise an Aontais Eorpaigh, a bhunú, a chur chun feidhme agus a óstáil ar a shuíomhanna teicniúla. Baileoidh eu-LISA na sonraí agus na staitisticí ón ródaire dá dtagraítear in Airteagal 13(1) de Rialachán (AE) .../... * [an Rialachán seo]. Is trí bhíthin slánrochtana a thabharfar rochtain do na húdaráis dá dtagraítear in Airteagal 74 de Rialachán (AE) 2018/1862, in Airteagal 32 de Rialachán (AE) 2019/816 agus in Airteagal 13(1) de Rialachán (AE) .../... * [an Rialachán seo] ar ***CRRS***, agus rialú á dhéanamh ar rochtain agus próifílí úsáideoirí sonracha ann, agus is chun críche tuairiscithe agus staidrimh, agus chun na críche sin amháin, a thabharfar rochtain. | “2. Déanfaidh eu-LISA an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh dá dtagraítear in Airteagal 74 de Rialachán (AE) 2018/1862 agus Airteagal 32 de Rialachán (AE) 2019/816, arna scaradh go loighciúil ag córas faisnéise an Aontais Eorpaigh, a bhunú, a chur chun feidhme agus a óstáil ar a shuíomhanna teicniúla. Baileoidh eu-LISA na sonraí agus na staitisticí ón ródaire dá dtagraítear in Airteagal 13(1) de Rialachán (AE) .../... * [an Rialachán seo]. Is trí bhíthin slánrochtana a thabharfar rochtain do na húdaráis dá dtagraítear in Airteagal 74 de Rialachán (AE) 2018/1862, in Airteagal 32 de Rialachán (AE) 2019/816 agus in Airteagal 13(1) de Rialachán (AE) .../... * [an Rialachán seo] ar ***an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh***, agus rialú á dhéanamh ar rochtain agus próifílí úsáideoirí sonracha ann, agus is chun críche tuairiscithe agus staidrimh, agus chun na críche sin amháin, a thabharfar rochtain. ***Go háirithe, toirmiscfear an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh a úsáid chun anailís riosca, próifíliú nó measúnú riosca réamhfháistineach a dhéanamh.’*** |

**Leasú 124**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 18a*** |
| | ***Nós Imeachta Coiste*** |

| | |
|---|---|
| | ***1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.*** |
| | ***2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. I gcás nach dtugann an coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag Airteagal 5(4), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.*** |

**Leasú 125**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Tabharfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in ***Airteagal 4***(5) ***agus (9)***, ***Airteagal 5***(3), ***Airteagal 10***(2) agus ***Airteagal 11***(2) don Choimisiún ***ar feadh*** tréimhse ***cúig*** bliana ***ó [dháta glactha an Rialacháin seo]***. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas i leith tharmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse. | 2. Tabharfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in ***Airteagal 4***(5)***, Airteagal 4(7b***), ***Airteagal 5***(3), ***Airteagal 5***(***4), Airteagal 10(***2) agus ***Airteagal 11***(2) don Choimisiún ***go ceann*** tréimhse ***5*** bliana ***ón [dáta a ghlacfar an Rialachán]***. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas i leith tharmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse. |

**Leasú 126**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 4(5) ***agus (9)***, ***in*** Airteagal 5(3), Airteagal 10(2) agus in Airteagal 11(2) a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta níos déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana. | 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 4(5)***, Airteagal 4(7b***), Airteagal 5(3) ***agus (4) (Clé 239)***, Airteagal 10(2) agus in Airteagal 11(2) a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta níos déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana. |

**Leasú 127**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír -1 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***-1. Áiritheoidh eu-LISA go mbeidh nósanna imeachta ann chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairt an ródaire de réir cuspóirí a bhaineann le pleanáil agus costais agus chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú an ródaire de réir cuspóirí a bhaineann le haschur teicniúil, cost-éifeachtúlacht, slándáil agus cáilíocht seirbhíse.*** |

**Leasú 128**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír -1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***-1a. Faoin ... [bliain amháin ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus gach bliain ina dhiaidh sin le linn chéim forbartha an ródaire, soláthróidh eu-LISA tuarascáil, agus cuirfidh sé faoi*** |

***bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle í faoin dul chun cinn a bheidh déanta i ndáil le forbairt an ródaire. Beidh faisnéis mhionsonraithe sa tuarascáil sin faoi na costais a tabhaíodh, agus faoi rioscaí ar bith a d'imreodh tionchar ar na costais fhoriomlána a fhágfar ar bhuiséad ginearálta an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 12. Ón dáta a chuirfear tús le hoibríochtaí an ródaire agus gach bliain ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú chun féachaint an gcumhdaíonn an buiséad faoi líne bhuiséid CAI 4.11.10.02 ('eu-LISA') na riachtanais is gá le haghaidh dhea-dhearadh, fhorbairt, óstáil agus bhainistiú teicniúil an ródaire agus, i gcás inarb iomchuí, molfaidh sé láithreach leasú ar na leithreasuithe buiséadacha.***

**Leasú 129**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír -1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***-1b. Nuair a thosófar oibríochtaí an ródaire, soláthróidh eu-LISA tuarascáil agus cuirfidh sé faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle í ina míneofar go mionsonrach conas a baineadh amach na cuspóirí, go háirithe i dtaca le pleanáil agus costas, agus ina dtabharfar údar maith i gcás inar imíodh óna raibh socraithe.*** |

**Leasú 130**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Laistigh de [4 bliana tar éis theacht | 1. Laistigh de [4 bliana tar éis theacht |

| | |
|---|---|
| i bhfeidhm an Rialacháin seo], ar a dhéanaí, agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil ina mbeidh meastóireacht fhoriomlán maidir leis an Rialachán seo, agus measúnú san áireamh ar: | i bhfeidhm an Rialacháin seo], ar a dhéanaí, agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil ina mbeidh meastóireacht fhoriomlán maidir leis an Rialachán seo, ***ina léireofar an gá atá le bailiú sonraí API*** agus ***an breisluach a bhaineann leis sin, agus*** measúnú san áireamh ar: |

**Leasú 131**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 1 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) tionchar an Rialacháin seo ar eispéireas taistil paisinéirí dlisteanacha;*** |

**Leasú 132**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 1 – pointe c b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(cb) tionchar an Rialacháin seo ar iomaíochas na hearnála eitlíochta agus an t-ualach a thabhaíonn gnólachtaí. Tabharfar aghaidh sa tuarascáil ón gCoimisiún freisin ar idirghníomhú an Rialacháin seo le gníomhartha reachtacha ábhartha eile de chuid an Aontais, go háirithe Rialachán (AE) 2017/2226, Rialachán (AE) 2018/1240 agus Rialachán (CE) 767/2008, d'fhonn measúnú a dhéanamh ar thionchar foriomlán na n-oibleagáidí tuairiscithe gaolmhara ar aeriompróirí, forálacha a shainaithint lena bhféadfar a thabhairt cothrom le dáta agus a shimpliú, i gcás inarb iomchuí, chun an t-ualach ar aeriompróirí a mhaolú, agus gníomhaíochtaí agus bearta a mheas a d'fhéadfaí a dhéanamh chun an brú*** |

***costais iomlán ar aeriompróirí a laghdú.***

**Leasú 133**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Áireofar freisin sa mheastóireacht dá dtagraítear i mír 1 measúnú maidir leis an méid seo a leanas:*** |
| | ***(a) ar an ngá, ar an gcomhréireacht agus ar an éifeachtacht a bhaineann le bailiú agus aistriú éigeantach sonraí API a bhaineann le heitiltí laistigh den Aontas a chur san áireamh laistigh de raon feidhme an Rialacháin sin;*** |
| | ***(b) a indéanta atá sé eitlíocht ghnó neamhthráchtála a áireamh laistigh de raon feidhme an Rialacháin seo.*** |

**Leasú 134**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1b. Cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil mheastóireachta faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus chuig Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha. Más iomchuí, i bhfianaise na meastóireachta atá déanta, déanfaidh an Coimisiún togra reachtach a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle chun an Rialachán seo a leasú.*** |

**Leasú 135**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Tabharfaidh na Ballstáit agus ***Europol*** do eu-LISA agus don Choimisiún, arna iarraidh sin, cibé faisnéis is gá chun an tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 a dhréachtú. Féadfaidh Ballstáit, áfach, staonadh ón bhfaisnéis sin a chur ar fáil, más amhlaidh gur gá gan modhanna oibre rúnda a nochtadh nó imscrúduithe atá fós ar siúl ag a gcuid PIUnna nó údaráis eile um fhorfheidhmiú an dlí a chur i mbaol, agus a mhéid gurbh amhlaidh. Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh aon fhaisnéis rúnda a chuirfear ar fáil cosanta go hiomchuí. | 2. Tabharfaidh na Ballstáit agus ***aeriompróirí*** do eu-LISA agus don Choimisiún, arna iarraidh sin, cibé faisnéis is gá chun an tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 a dhréachtú. ***Go háirithe, cuirfidh na Ballstáit faisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil ar fáil maidir leis an ngá atá le sonraí API a bhailiú ó thaobh na hoibríochta de agus maidir leis an mbreisluach a bhaineann leis sin.*** Féadfaidh Ballstáit, áfach, staonadh ón bhfaisnéis sin a chur ar fáil, más amhlaidh gur gá gan modhanna oibre rúnda a nochtadh nó imscrúduithe atá fós ar siúl ag a gcuid PIUnna nó údaráis eile um fhorfheidhmiú an dlí a chur i mbaol, agus a mhéid gurbh amhlaidh. Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh aon fhaisnéis rúnda a chuirfear ar fáil cosanta go hiomchuí. |

**Leasú 136**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh feidhm aige ó ***2*** bhliain ón dáta ***ar a thosóidh*** an ródaire ***oibríochtaí, arna shonrú sa Choimisiún*** i gcomhréir le ***hAirteagal 27 de Rialachán (AE) [Bainistiú teorainneacha API]***. | Beidh feidhm aige ó ***dhá*** bhliain ón dáta ***a thosófar oibríochtaí*** an ródaire ***a shonróidh an Coimisiún*** i gcomhréir le ***hAirteagal 14a***. |

**Leasú 137**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Beidh feidhm ag Airteagal 4(5) agus (9),*** | ***Mar sin féin:*** |

***Airteagal 5(3), Airteagal 10(2), Airteagal 11(2) agus Airteagal 19 ó [Dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].***

***(a) Beidh feidhm ag Airteagal 4(5), Airteagal5(3) agus (4), Airteagal 10(2), Airteagal 11(2), Airteagal 18a agus Airteagal 19 ó [Dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].***

***(b) Beidh feidhm ag Airteagal 4b, Airteagal 6(-1), (2) agus (3), Airteagal 7, Airteagal 7a, Airteagal 8, Airteagal 11b, Airteagal 11c, Airteagal 14 agus Airteagal 14b ón dáta a chuirfear tús le hoibríochtaí an ródaire, arna sonrú ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 14a.***

# RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

## 1. Comhthéacs an togra

Is é is aidhm le Treoir 2004/82/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir leis an oibleagáid ar iompróirí sonraí paisinéirí a chur in iúl ('Treoir maidir le API') rialuithe teorann a fheabhsú agus inimirce neamhdhlíthiúil a chomhrac. Cuireann sé de cheangal ar na Ballstáit oibleagáid a bhunú ar aeriompróirí faisnéis faoi na paisinéirí a bheidh á n-iompar acu a tharchur, arna iarraidh sin do na húdaráis atá freagrach as seiceálacha a dhéanamh ar dhaoine ag teorainneacha seachtracha. Ní bhunaítear leis an Treoir maidir le API aon oibleagáid ar na Ballstáit tarchur sonraí a iarraidh. Sa Treoir maidir le API tá liosta oscailte de chatagóirí sonraí a fhéadfaidh na Ballstáit a iarraidh. Tá an Treoir maidir le API ceaptha, i bprionsabal, mar ionstraim chun slándáil teorann a fheabhsú, ach cuireann sí ar chumas na mBallstát úsáid a bhaint as na sonraí pearsanta a bhailítear chun críocha fhorfheidhmiú an dlí chomh maith.

Is é is aidhm le Treoir (AE) 2016/681 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le húsáid sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh ('Treoir PNR') cosc, brath, imscrúdú agus ionchúiseamh cionta sceimhlitheoireachta agus coireachta tromchúisí a éascú agus, ar an gcaoi sin, slándáil inmheánach an Aontais a fheabhsú. Leis an Treoir PNR, bunaítear oibleagáid ar na Ballstáit forálacha a thabhairt isteach lena leagtar síos oibleagáidí ar aeriompróirí a oibríonn eitiltí lasmuigh den Aontas chun sonraí PNR a bhailíonn siad a aistriú. Leis an Treoir PNR, ceadaítear do na Ballstáit an Treoir a chur i bhfeidhm maidir le heitiltí laistigh den Aontas. Áirítear sa Treoir PNR sonraí API ar liosta na sonraí PNR.

An 21 Meitheamh 2022, dheimhnigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) i gcás C-817/19 bailíocht Threoir PNR. Thug CBAE soiléirithe freisin maidir le forálacha áirithe, go háirithe roinnt coinníollacha maidir leis na critéir roghnúcháin le haghaidh eitiltí nach mór do na Ballstáit a chomhlíonadh má chuireann siad Treoir PNR i bhfeidhm maidir le heitiltí laistigh den Aontas.

Is é comhthéacs na dTreoracha API agus PNR gur thaifead an tAontas thart ar 1 bhilliún paisinéir aeir in 2019, agus gur thrasnaigh a leath díobh teorainneacha seachtracha an Aontais. Éilítear le Cód Teorainneacha Schengen seiceálacha éifeachtacha córasacha ar dhaoine a thrasnaíonn teorainneacha seachtracha an Aontais. Tá réamhfhaisnéis faoi phaisinéirí ar cheann de na huirlisí atá ag na húdaráis teorann chun a n-ualach oibre a réamh-mheas agus chun rialuithe teorann leordhóthanacha a dhéanamh.

Ní rud nua ann féin é API a bhailiú agus a aistriú, agus níl sé teoranta don Aontas. Is gealltanas é ó Bhallstáit uile an Aontais ós rud é gur páirtithe iad go léir i gCoinbhinsiún Chicago na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO). Ina theannta sin, is ceanglas é ó go leor tíortha cinn scríbe, amhail na Stáit Aontaithe, an tSeapáin, an Fhrainc, an Ríocht Aontaithe, an tSín, an India, an Astráil, Ceanada, Meicsiceo agus an Téalainn. Is cleachtas seanbhunaithe é bailiú API faoin Treoir thuasluaite maidir le API.

## 2. Ábhar an togra

Leis na Treoracha API agus PNR, fágtar go leor spáis le haghaidh cur chun feidhme athraitheach. Mar thoradh air sin, tá éagsúlacht mhór ann i measc Bhallstáit an Aontais maidir le cleachtas bailithe API. Ní mór d'aerlínte déileáil le gach Ballstát ina n-aonar agus bíonn orthu déileáil le hiarrataí éagsúla ar chatagóirí sonraí, ar mhodhanna aistrithe sonraí agus ar choimircí lena n-áirítear slándáil sonraí agus príobháideachas.

Chun an cás sin a réiteach, tá dhá Rialachán molta ag an gCoimisiún:

- Rialachán maidir le réamhaisnéis faoi phaisinéirí (API) a bhailiú agus a aistriú chun rialuithe ag teorainneacha seachtracha a fheabhsú agus a éascú, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/817 agus Rialachán (AE) 2018/1726, agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/82/CE ón gComhairle ('teorainneacha API');
- Rialachán maidir le réamhfhaisnéis faoi phaisinéirí a bhailiú agus a aistriú chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/818 ('Forfheidhmiú Dlí API').

I ndearadh an Choimisiúin, tá na príomhghnéithe sa togra maidir le teorainneacha API, lena n-áirítear maidir leis an réiteach teicniúil (an ródaire). Tá bunús dlí dá chuid féin ag an togra maidir le forfheidhmiú an dlí maidir le API agus tá na heiliminťí ann atá ábhartha maidir le bailiú, aistriú agus próiseáil sonraí API chun go ndéanfaidh údaráis inniúla na mBallstát cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

I dteannta a chéile, áirítear ar na tograí na príomhathruithe seo a leanas i gcomparáid leis an Treoir maidir le API atá i bhfeidhm faoi láthair:

- **Liosta iata agus uileghabhálach d'eilimintí sonraí API**. Faoin Treoir maidir le API atá ann faoi láthair, tá liosta na n-eilimintí sonraí ar oscailt.
- **Bailiú uathoibríoch sonraí API**, lenar cheart sonraí níos iontaofa a thabhairt. Faoin Treoir maidir le API atá ann faoi láthair, is féidir an bailiú a dhéanamh de láimh.
- **Bailiú éigeantach sonraí API ar mhaithe le héifeachtúlacht seiceálacha teorann ag teorainneacha seachtracha a fheabhsú agus a éascú** agus inimirce neamhdhleathach a chomhrac ar gach eitilt a thagann isteach san Aontas. Faoin Treoir maidir le API atá ann faoi láthair, féadfaidh na Ballstáit na sonraí sin a iarraidh ach níl oibleagáid orthu é sin a dhéanamh.
- **Bailiú éigeantach sonraí API chun críocha fhorfheidhmiú an dlí** le haghaidh gach eitilte chuig an Aontas agus uaidh, chomh maith le heitiltí laistigh den Aontas. Faoin Treoir maidir le API atá ann faoi láthair, féadfaidh na Ballstáit na sonraí pearsanta a úsáid chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, ach rud nua is ea cineál éigeantach an bhailithe.
- **Tarchur cuíchóirithe sonraí API** ag aeriompróirí chuig **ródaire** nua, a dhéanfaidh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF (eu-LISA) a fhorbairt agus a bhainistiú.
- **Scagaire uathoibríoch sa ródaire** a dhéanann tarchur uathoibríoch ó ródaire sonraí API maidir le heitiltí lasmuigh den Aontas agus eitiltí roghnaithe laistigh den Aontas

chuig Aonaid Faisnéise Paisinéirí na mBallstát (‘PIUanna’) agus scriosadh uathoibríoch gach sonra API eile.

I dTuairim 6/2023 uaidh maidir leis na Tograí le haghaidh Rialachán maidir le réamhfhaisnéis faoi phaisinéirí (API) a bhailiú agus a aistriú, rinne an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) measúnú ar an togra maidir le sonraí API a bhailiú ó gach eitilt agus na sonraí sin a scagadh go huathoibríoch ag an ródaire atá beartaithe ar bhonn eitiltí réamhroghnaithe go dearfach ó thaobh cosaint sonraí de.

**3. Measúnú an Rapóirtéara ar an togra**

Is díol sásaimh don rapóirtéir atá freagrach as forfheidhmiú an dlí API an togra ón gCoimisiún dhá Rialachán nua a chur in ionad na Treorach maidir le API atá imithe i léig. Aontaíonn an Rapóirtéir leis an gCoimisiún gur gá an staid reatha maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm athraitheach na Treorach maidir le API chomh maith le gnéithe API de Threoir PNR a leigheas. Tá an rapóirtéir den tuairim go gcomhlánaíonn sonraí API agus sonraí PNR a chéile agus gur féidir leo, le chéile, faisnéis níos iontaofa a sholáthar. Ciallóidh sé sin idirghabhálacha níos teoranta agus níos spriocdhírithe ó údaráis forfheidhmithe dlí agus níos lú cur isteach ar phríobháideachas taistealaithe. Mar shampla, ba mhaith leis an rapóirtéir a chur in iúl gur minic a chuireann coirpigh eitiltí in áirithe (agus go ndéantar sonraí PNR a ghineadh mar thoradh air sin) ach nach dtéann siad ar bord na n-eitiltí sin gan iad a chur ar ceal. Toisc nach bhfuil sonraí API ar fáil atá bunaithe ar phaisinéirí a chuaigh ar bord na heitilte sna cásanna sin, bíonn idirghabhálacha nach bhfuil gá leo ó údaráis forfheidhmithe dlí ag baint úsáide as cumais theoranta agus uaireanta cuireann siad isteach ar thaistealaithe neamhurchóideacha. Sampla eile is ea eisiúint an dáta breithe, nach mbíonn ar fáil go minic d’aeriompróirí tráth na háirithinte, ach nach mbíonn ar fáil ach tráth na seiceála. Is gné sonraí thar a bheith tábhachtach é dáta breithe, rud atá ríthábhachtach chun amais bhréige bunaithe ar ainm amháin a sheachaint.

Tacaíonn an Rapóirtéir freisin le haeriompróirí sonraí API a bhailiú trí mhodhanna uathoibrithe a úsáid. Ní hamháin go seachnaíonn sé seo fadhbanna gan ghá mar gheall ar earráidí clóite agus litrithe neamhurchóideacha. Chomh maith leis sin, cuireann sé cosc ar choirpigh cúbláil a dhéanamh ar na hearráidí clóite sin, rud a dhéanann siad go díograiseach faoi láthair ionas nach mbraithfí iad. Mar sin féin, is mian leis an rapóirtéir a áirithiú go gcaithfear go cothrom le gach paisinéir i ngach cás. Áitíonn an rapóirtéir go bhféadfaí sonraí API a bhailiú de láimh i gcónaí i gcás doiciméad nach bhfuil ‘Crios Inléite ag Meaisín’ (MRZ) iontu agus i gcás nach bhfuil sé indéanta go teicniúil na sonraí a bhailiú go huathoibríoch. Thairis sin, tá an rapóirtéir den tuairim gur cheart don Choimisiún a áirithiú nach dtiocfaidh bacainní díréireacha as an oibleagáid modhanna uathoibrithe a úsáid chun sonraí API a bhailiú, amhail táillí breise seiceála aerfoirt, do phaisinéirí nach bhfuil in ann modhanna eile a úsáid le haghaidh seiceáil isteach uathoibrithe.

Tacaíonn an Rapóirtéir go láidir le heitiltí laistigh den Aontas a áireamh i raon feidhme fhorfheidhmiú an dlí API. Le CBAE, creideann an Rapóirtéir go bhfuil sé sin comhréireach, agus staid slándála agus patrúin taistil coirpeach agus sceimhlitheoirí á gcur san áireamh. Creideann an Rapóirtéir freisin, áfach, nach mór teorainn dhocht a bheith le roghnú na n-eitiltí laistigh den Aontas mar a éilíonn CBAE go deimhin. Dá bhrí sin, tugann an rapóirtéir isteach roinnt paraiméadar do na Ballstáit bunaithe ar an rialú ón gCúirt. Ina theannta sin, tugann an rapóirtéir treoir don Choimisiún céimeanna breise a éascú chun comhtháthú a mhéadú i measc

na mBallstát maidir lena roghnú eitiltí laistigh den Aontas.

Creideann an Rapóirtéir go bhféadfadh an réiteach ródaire, a luaithe a bheidh sé oibríochtúil, a bheith úsáideach chun sonraí PNR a aistriú chomh maith le bheith ina réiteach slán agus iontaofa agus ina réiteach costéifeachtach le haghaidh na n-aerlínte. Bheadh an chéim sin i gcomhréir leis an gceanglas go ndéanfadh na Ballstáit cinneadh amháin maidir le roghnú eitiltí laistigh den Aontas chun an Treoir PNR agus na Rialacháin API atá beartaithe araon a chur i bhfeidhm.

Áitíonn an rapóirtéir go mbeadh ceanglais dhiana maidir le slándáil sonraí ann, ar ceanglais iad ba cheart a bheith leabaithe sa Rialachán maidir le teorainneacha API.

Creideann an Rapóirtéir gur féidir leis na Ballstáit an Ciste Slándála Inmheánaí a úsáid chun cúiteamh a éileamh as costais a bhaineann leis an réiteach teicniúil nua atá beartaithe (an ródaire).

Creideann an Rapóirtéir gurb iomchuí cumhachtaí a tharmligean chuig an gCoimisiún i roinnt cásanna a ndéantar cur síos orthu sa Rialachán. Áitíonn an rapóirtéir go ndéanfaí é sin trí ghníomhartha tarmligthe, toisc go dtugann sé níos mó gutha d’ionadaithe tionscail na n-aerlínte sna cinntí teicniúla sin maidir le rogha formáidí sonraí agus cuireann sé an Pharlaimint ar chomhchéim leis an gComhairle.

Áitíonn an Rapóirtéir go n-áireofaí tionchar an Rialacháin sin sa mheastóireacht rialta ón gCoimisiún, i gcomhar le reachtaíocht eile a bhfuil feidhm aici maidir le haerthaisteal paisinéirí, ar phaisinéirí agus ar aeriompróirí.

## IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

De bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuair sí ionchur ó na heintitis nó ó na daoine a leanas in ullmhú na tuarascála, go dtí go nglacfar sa choiste í:

| **Eintiteas agus/nó duine** |
|---|
| IATA |
| A4E |

Rinneadh an liosta seo thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara.

19.7.2023

## TUAIRIM ÓN GCOISTE UM IOMPAR AGUS UM THURASÓIREACHT

chuig an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le réamhfhaisnéis faoi phaisinéirí a bhailiú agus a aistriú chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/818
(COM(2022)0731 – C9-0427/2022 – 2022/0425(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Jan-Christoph Oetjen

## RÉASÚNÚ GEARR

Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha aonfhoirmeacha nua maidir le Réamhfhaisnéis faoi Phaisinéirí (API) a bhailiú agus a aistriú, lena n-áirítear liosta iata de shonraí API, na modhanna chun iad a bhailiú agus pointe aonair chun na sonraí sin a aistriú, i ndáil le cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a choinneáil, a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

Tá méadú leanúnach tagtha ar an gcoireacht thromchúiseach eagraithe le blianta fada anuas agus is minic gurb iad aerfoirt na pointí idirthurais don gháinneáil ar dhrugaí, do smuigleáil daoine nó d'earraí aindleathacha eile. Dá bhrí sin, is príomhuirlis í faisnéis mhaith faoi thaistealaithe d'údaráis forfheidhmithe dlí chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a choinneáil, a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

Is dhá chineál sonraí aerphaisinéirí iad Réamhfhaisnéis faoi Phaisinéirí (API) agus Taifid Ainmneacha Paisinéirí (PNR), sonraí a bhíonn an-úsáideach nuair a chuirtear le chéile iad, chun taistealaithe ardriosca agus a bpatrúin taistil a shainaithint.

Faoin Treoir maidir le PNR atá ann faoi láthair, níl oibleagáid ar aeriompróirí tacar iomlán sonraí API a bhailiú agus níl aon leas tráchtála acu ina leith. Dá bhrí sin, chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht thromchúiseach a chomhrac, leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha comhlántacha agus comhchuibhithe maidir le sonraí API a bhailiú agus a aistriú agus leathnaítear a chur i bhfeidhm chuig na heitiltí céanna, a chumhdaítear le Treoir PNR, go háirithe eitiltí lasmuigh den Aontas agus eitiltí roghnaithe laistigh den Aontas.

Ar an iomlán, tugtar isteach an méid seo a leanas leis an togra le haghaidh rialacháin:

1. forálacha maidir le haeriompróirí sonraí API a bhailiú agus aistriú agus tarchur sonraí API ag aeriompróirí chuig údaráis náisiúnta a chuíchóiriú trí ródaire aonair, a bheidh á bhainistiú ag Gníomhaireacht de chuid AE, eu-LISA. Leagtar síos ann freisin na rialacha maidir le sonraí API a tharchur chuig na húdaráis inniúla, go háirithe na

hAonaid um Fhaisnéis faoi Phaisinéirí (‘PIUnna’), ag an ródaire.

2. ceanglas maidir le sonraí API ar cháilíocht níos fearr a sholáthar, ós rud é go mbeidh ar aeriompróirí ‘sonraí API a bhailiú trí mhodhanna uathoibrithe amháin’, lena gcuirfear deireadh le heispéireas paisinéirí, ar eispéireas é atá duaisiúil agus, níos tábhachtaí fós, a bhfuil claonadh ann earráid a dhéanamh, ar gá dóibh faisnéis faoi dhoiciméid taistil a iontráil de láimh idir ticéid a cheannach agus seiceáil isteach.
3. forálacha maidir le cosaint sonraí pearsanta, chomh maith le slándáil agus féinfhaireachán a dhéanann aeriompróirí agus PIUnna.
4. ceanglais maidir le maoirseacht agus maidir le pionóis a d’fhéadfadh a ghearradh i gcás nach gcomhlíonfaidh aeriompróirí iad.

Áirítear sa rialachán freisin forálacha buiséadacha lena maoineofar bunú agus feidhmiú an ródaire agus na costais arna dtabhú ag na Ballstáit (seachas eisceachtaí áirithe) i ndáil lena naisc leis an ródaire agus a gcomhtháthú leis an ródaire, faoi bhuiséad an Aontais.

**Seasamh an Rapóirtéara**

Is díol sásaimh don Rapóirtéir é an modh cuíchóirithe agus níos simplí sin d’aeriompróirí chun sonraí API a sholáthar, go háirithe trí chóras láraithe. Tá sé den tuairim freisin gur féidir leis an digitiú agus leis an uathoibriú a bheith ina n-uirlis úsáideach chun earráidí a mhaolú agus chun eispéireas taistil níos fearr a thabhairt do thaistealaithe dlisteanacha.

Aontaíonn an Rapóirtéir freisin gur gá sonraí API ar ardchaighdeán a áirithiú d’fhorfheidhmiú an dlí, agus lánurraim á tabhairt do chosaint sonraí pearsanta. Mar sin féin, níor cheart don Rialachán seo a bheith chun dochair d’eispéireas taistil an taistealaí dhlisteanaigh. Ba cheart go gcuirfeadh sé ar chumas na n-údarás freisin meastachán a dhéanamh roimh ré ar an acmhainn rialaithe is gá a bheith ag aerfoirt agus ba cheart go gcuirfeadh sé ar chumas aeriompróirí an fhaisnéis a phróiseáil ag an seiceáil isteach ar bhealach níos éifeachtúla agus níos tapúla. Creideann an Rapóirtéir gur cheart go n-éascódh an reachtaíocht sin daoine atá ag taisteal, agus níos lú ama á chaitheamh acu ag díbhordáil. Dá bhrí sin, tugann an Rapóirtéir foráil isteach in Airteagal 20, lena bhforchuirtear ceanglas ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar thionchar an Rialacháin seo ar eispéaras taistil taistealaithe dlisteanacha.

Tuigeann an Rapóirtéir go bhféadfadh sé go mbeadh ar aeriompróirí, i gcásanna áirithe, logaí a choinneáil ar feadh tréimhse níos faide ná i gcás nósanna imeachta chun faireachán a dhéanamh ar shlándáil agus sláine shonraí API nó ar dhlíthiúlacht na n-oibríochtaí próiseála nó chun slándáil agus sláine na sonraí sin a áirithiú. Chun aon mhí-úsáid nó aon drochúsáid a sheachaint, áfach, ba cheart do na haeriompróirí an chúis atá leis na logaí a choinneáil níos faide a chur in iúl don Choimisiún agus bonn cirt a thabhairt dá gcoinneáil.

Creideann an Rapóirtéir gurb é an leithreasú airgeadais ar fheidhmiú an ródaire a chinneoidh a rath, dá bhrí sin, ba cheart na hacmhainní is gá a chur ar fáil do eu-LISA. Thairis sin, ba cheart do eu-LISA oiliúint a chur ar fáil d’aeriompróirí agus do PIUnna chun go n-éascófar an ródaire a nascadh agus a chomhtháthú i gceart, agus chun sonraí API a aistriú agus a fháil go héifeachtach. Chuige sin, ba cheart do eu-LISA an ródaire a fhorbairt chun a chur ar chumas chórais na n-aeriompróirí sonraí API a nascadh leis an ródaire agus iad a tharchur chuig an ródaire i gcomhréir leis na ceanglais chaighdeánacha agus theicniúla atá ann cheana.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht ar an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6 a) Ba cheart an Rialachán seo a bheith faoi réir meastóireachtaí rialta chun faireachán ar chur i bhfeidhm éifeachtach an Rialacháin a áirithiú. Go háirithe, níor cheart bailiú sonraí API a bheith chun dochair d'eispéireas taistil taistealaithe dlisteanacha. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún measúnú ar thionchar an Rialacháin seo ar eispéireas taistil taistealaithe dlisteanacha a áireamh ina thuarascálacha meastóireachta rialta ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.*** |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6 b) Ós rud é go mbeidh costais bhreise coigeartaithe agus riaracháin ag teastáil ón Rialachán seo, ba cheart athbhreithniú grinn a dhéanamh ar an ualach rialála foriomlán a bheidh ar an earnáil eitlíochta. Sa chomhthéacs sin, ba cheart, sa tuarascáil ina ndéantar meastóireacht ar fheidhmiú an Rialacháin seo, measúnú a dhéanamh ar a mhéid a baineadh amach cuspóirí an Rialacháin seo agus ar a mhéid a bhí tionchar aige ar iomaíochas na hearnála. Dá bhrí sin, ba cheart measúnú iomlánaíoch a dhéanamh sa tuarascáil ón*** |

***gCoimisiún agus tagairt a dhéanamh d'idirghníomhú an Rialacháin seo le gníomhartha reachtacha ábhartha eile de chuid an Aontais, go háirithe Rialachán (AE) 2017/2226, Rialachán (AE) 2018/1240 agus Rialachán (CE) 767/2008. Ba cheart measúnú a dhéanamh sa tuarascáil ar thionchar foriomlán na n-oibleagáidí tuairiscithe gaolmhara ar aeriompróirí, agus go sainaithneofar forálacha a d'fhéadfaí a thabhairt cothrom le dáta agus a shimpliú, i gcás inarb iomchuí, chun an t-ualach ar aeriompróirí a mhaolú, chomh maith le gníomhaíochtaí agus bearta a rinneadh nó a d'fhéadfaí a dhéanamh chun an brú costais iomlán ar earnáil na heitlíochta a laghdú***

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) I bhfianaise chineál comhlántach an Rialacháin seo i ndáil le Treoir (AE) 2016/681, ba cheart go mbeadh feidhm ag oibleagáidí na n-aeriompróirí faoin Rialachán seo maidir leis na heitiltí go léir a bhfuil Ballstáit le ceangal a chur ar aeriompróirí sonraí PNR a tharchur ina leith faoi Threoir (AE) 2016/681, eadhon eitiltí, lena n-áirítear eitiltí sceidealta agus neamhsceidealta araon, idir Ballstáit agus tríú tíortha (eitiltí lasmuigh den Aontas), ***agus idir roinnt Ballstát (eitiltí laistigh den Aontas) a mhéid a rinneadh na heitiltí sin a roghnú i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/681***, gan beann ar áit bhunaíochta na n-aeriompróirí a sheolann na heitiltí sin. | (7) I bhfianaise chineál comhlántach an Rialacháin seo i ndáil le Treoir (AE) 2016/681, ba cheart go mbeadh feidhm ag oibleagáidí na n-aeriompróirí faoin Rialachán seo maidir leis na heitiltí go léir a bhfuil Ballstáit le ceangal a chur ar aeriompróirí sonraí PNR a tharchur ina leith faoi Threoir (AE)-2016/681, eadhon eitiltí, lena n-áirítear eitiltí sceidealta agus neamhsceidealta araon, idir Ballstáit agus tríú tíortha (eitiltí lasmuigh den Aontas), gan beann ar áit bhunaíochta na n-aeriompróirí a sheolann na heitiltí sin. |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Go háirithe, ba cheart gurb iad na hítimí faisnéise arb éard iad i gcomhpháirt na sonraí API atá le bailiú agus le haistriú ina dhiaidh sin faoin Rialachán seo na sonraí sin atá liostaithe go soiléir agus go cuimsitheach i Rialachán (AE) API [Rialachán maidir le bainistiú teorann], lena gcumhdaítear faisnéis a bhaineann le gach paisinéir agus faisnéis maidir le heitilt an taistealaí sin. Faoin Rialachán seo, níor cheart go gcumhdófaí le faisnéis eitilte den sórt sin faisnéis maidir leis an bpointe trasnaithe teorann ar theacht isteach i gcríoch an Bhallstáit lena mbaineann ***ach amháin nuair is infheidhme sin, is é sin, níor cheart sin i gcás ina mbaineann na sonraí API le heitiltí laistigh den Aontas.*** | (10) Go háirithe, ba cheart gurb iad na hítimí faisnéise arb éard iad i gcomhpháirt na sonraí API atá le bailiú agus le haistriú ina dhiaidh sin faoin Rialachán seo na sonraí sin atá liostaithe go soiléir agus go cuimsitheach i Rialachán (AE) API [Rialachán maidir le bainistiú teorann], lena gcumhdaítear faisnéis a bhaineann le gach paisinéir agus faisnéis maidir le heitilt an taistealaí sin. Faoin Rialachán seo, níor cheart go gcumhdófaí le faisnéis eitilte den sórt sin faisnéis maidir leis an bpointe trasnaithe teorann ar theacht isteach i gcríoch an Bhallstáit lena mbaineann. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Chun cur chuige comhsheasmhach a áirithiú maidir le bailiú agus aistriú sonraí API ag aeriompróirí a oiread agus is féidir, ba cheart na rialacha a leagtar amach sa Rialachán seo a ailíniú leis na rialacha a leagtar amach i Rialachán (AE) [an rialachán maidir le bainistiú teorann API] i gcás inarb iomchuí. Baineann sé sin, go háirithe, leis na rialacha maidir le cáilíocht sonraí, an úsáid a bhaineann na haeriompróirí as modhanna uathoibrithe le haghaidh bailiú den sórt sin, an bealach beacht ina n-aistreoidh siad na sonraí API arna mbailiú chuig an ródaire agus le scriosadh na sonraí API. | (11) Chun cur chuige comhsheasmhach a áirithiú maidir le bailiú agus aistriú sonraí API ag aeriompróirí a oiread agus is féidir, ba cheart na rialacha a leagtar amach sa Rialachán seo a ailíniú leis na rialacha a leagtar amach i Rialachán (AE) [an rialachán maidir le bainistiú teorann API] i gcás inarb iomchuí. Baineann sé sin, go háirithe, leis na rialacha maidir le cáilíocht sonraí, an úsáid a bhaineann na haeriompróirí as modhanna uathoibrithe le haghaidh bailiú den sórt sin, an bealach beacht ina n-aistreoidh siad na sonraí API arna mbailiú chuig an ródaire agus le scriosadh na sonraí API. ***Chun an tionchar ar aeriompróirí a laghdú, agus d'fhonn sineirgí a chruthú le hoibleagáidí tuairiscithe eile ar aeriompróirí i*** |

| | |
|---|---|
| | ***Rialachán (AE) 2017/2226, Rialachán (AE) 2018/1240 agus Rialachán (CE) 767/2008 agus dúbláil a sheachaint, ba cheart d'aeriompróirí na sonraí API a aistriú tráth na seiceála isteach ar gach taistealaí trí API idirghníomhach i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta, agus an geata iompróra atá ann cheana á úsáid acu. Ba cheart go bhfaigheadh aeriompróirí admháil fála chuig aistriú API idirghníomhach, i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(11 a) Níor cheart go mbeadh tionchar diúltach ag na córais uathoibríocha bailithe sonraí agus ag na próisis eile a bhunaítear faoin Rialachán seo ar na fostaithe i dtionscal na heitlíochta, ar fostaithe iad gur cheart dóibh tairbhe a bhaint as deiseanna uas-scilithe agus athscilithe a mhéadódh éifeachtúlacht agus iontaofacht an bhailithe agus an aistrithe sonraí chomh maith leis na dálaí oibre san earnáil.*** |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(11 b) Chun cáilíocht na sonraí a fheabhsú, ba cheart don ródaire a fhíorú an gcomhlíonann na sonraí API a d'aistrigh na haeriompróirí chuige na formáidí sonraí tacaithe. I gcás ina mbeidh sé fíoraithe ag an ródaire nach bhfuil na sonraí i gcomhréir leis na*** |

| | |
|---|---|
| | ***formáidí sonraí tacaithe, ba cheart don ródaire fógra a thabhairt láithreach agus ar bhealach uathoibrithe don aeriompróir lena mbaineann.*** |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12 a) D'fhonn comhlíonadh na gceart dá bhforáiltear faoin gCairt um Chearta Bunúsacha a ráthú agus d'fhonn roghanna taistil inrochtana agus cuimsitheacha a áirithiú, go háirithe do ghrúpaí leochaileacha agus do dhaoine faoi mhíchumas, áiritheoidh aeriompróirí, le tacaíocht ó na Ballstáit, go mbeidh rogha eile as líne indéanta i gcónaí don tseiceáil isteach agus do sholáthar na sonraí is gá ag na paisinéirí.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(14) Maidir le heitiltí laistigh den Aontas, i gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE), chun nach gcuirfear isteach go míchuí ar na cearta bunúsacha ábhartha a chosnaítear faoin gCairt agus chun comhlíonadh cheanglais dhlí an Aontais a áirithiú maidir le saorghluaiseacht daoine agus maidir le díothú rialuithe teorann inmheánacha, ba cheart foráil a dhéanamh do chur chuige roghnach. I bhfianaise a thábhachtaí atá sé a áirithiú gur féidir sonraí API a phróiseáil in éineacht le sonraí PNR, ba cheart an cur chuige sin a ailíniú le cur chuige*** | ***scriosta*** |

***Threoir (AE) 2016/681. Ar na cúiseanna sin, níor cheart sonraí API maidir leis na heitiltí sin a tharchur ach ón ródaire chuig na PIUnna ábhartha, i gcás inar roghnaigh na Ballstáit na heitiltí lena mbaineann agus Airteagal 2 de Threoir (AE) 2016/681 á chur i bhfeidhm acu. Mar a mheabhraigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, níl i gceist leis an roghnú sin ach na Ballstáit a bheith ag díriú ar na hoibleagáidí lena mbaineann ag bealaí áirithe, patrúin taistil nó aerfoirt áirithe, faoi réir athbhreithniú rialta ar an roghnú sin.***

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(15) Chun cur i bhfeidhm an chur chuige roghnach sin faoin Rialachán seo a chumasú maidir le heitiltí laistigh den Aontas, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit liostaí na n-eitiltí a roghnaigh siad a tharraingt suas agus a chur faoi bhráid eu-LISA, ionas gur féidir le eu-LISA a áirithiú nach ndéanfar ach sonraí API na n-eitiltí sin a tharchur ón ródaire chuig na PIUnna ábhartha agus go scriostar na sonraí API maidir le heitiltí laistigh den Aontas láithreach agus go do-athraithe.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(16) Chun nach gcuirfear i mbaol éifeachtacht an chórais arna chur ar bun leis an Rialachán seo a bhraitheann ar*** | ***scriosta*** |

|  |  |
|---|---|
| ***bhailiú agus ar aistriú sonraí API, agus sonraí PNR faoin gcóras arna bhunú le Treoir (AE) 2016/681, chun críche cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, go háirithe trí riosca imchéimniúcháin a chruthú, ba cheart faisnéis maidir le cé na heitiltí laistigh den Aontas a roghnaigh na Ballstáit a láimhseáil ar bhealach rúnda. Ar an gcúis sin, níor cheart faisnéis den sórt sin a roinnt leis na haeriompróirí agus dá bhrí sin, ba cheart go gcuirfí iallach orthu sonraí réamhaisnéise faoi phaisinéirí (API) a bhailiú ar gach eitilt a chumhdaítear leis an Rialachán seo, lena n-áirítear gach eitilt laistigh den Aontas, agus iad a aistriú ansin chuig an ródaire, áit ar a cheart an roghnúchán riachtanach a dhéanamh. Thairis sin, trí shonraí API a bhailiú maidir le gach eitilt laistigh den Aontas, ní chuirtear in iúl do phaisinéirí cén sonraí API roghnaithe maidir le heitiltí laistigh den Aontas, agus dá bharr sin, sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR), a sheoltar chuig PIUnna i gcomhréir le measúnú Ballstát. Leis an gcur chuige sin áirithítear freisin gur féidir aon athruithe i ndáil leis an roghnúchán sin a dhéanamh go tapa agus go héifeachtach, gan ualaí eacnamaíocha agus oibriúcháin míchuí a chur ar na haeriompróirí.*** |  |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) I bhfianaise leasanna an Aontais atá i gceist, ba cheart go n-íocfaí costais chuí arna dtabhú ag na Ballstáit i ndáil lena gcuid ceangal leis, agus a gcomhtháthú leis, an ródaire, mar a cheanglaítear faoin Rialachán seo, ag buiséad an Aontais, i | (19) I bhfianaise leasanna an Aontais atá i gceist, ba cheart go n-íocfaí costais chuí arna dtabhú ag na Ballstáit i ndáil lena gcuid ceangal leis, agus a gcomhtháthú leis, an ródaire, mar a cheanglaítear faoin Rialachán seo, ag buiséad an Aontais, i |

| | |
|---|---|
| gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme agus faoi réir eisceachtaí áirithe. Ba cheart go dtitfeadh na costais a chumhdaítear leis na heisceachtaí sin ar gach Ballstát féin. | gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme agus faoi réir eisceachtaí áirithe. Ba cheart go dtitfeadh na costais a chumhdaítear leis na heisceachtaí sin ar gach Ballstát féin. ***Ba cheart go gcumhdófaí i mbuiséad an Aontais freisin an tacaíocht, amhail oiliúint, a chuireann eu-LISA ar fáil d'aeriompróirí agus do PIUnna chun gur féidir sonraí API a aistriú agus a tharchur go héifeachtach tríd an ródaire.*** |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(23 a) Agus foráil á déanamh do na pionóis is infheidhme maidir le haeriompróirí faoin Rialachán seo, cuirfidh na Ballstáit san áireamh an fhéidearthacht theicniúil, oibríochtúil agus eacnamaíoch maidir le cruinneas iomlán sonraí a áirithiú. Ina theannta sin, nuair a fhorchuirfear fíneálacha, bunófar a gcur i bhfeidhm agus a luach, agus cuirfear na gníomhaíochtaí a rinne an t-aeriompróir san áireamh chun an tsaincheist a mhaolú chomh maith lena mainneachtain arís agus arís eile comhoibriú le húdaráis náisiúnta.*** |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(26 a) D'fhonn cáilíocht agus cruinneas sonraí méadaithe a áirithiú, ba cheart féachaint an bhféadfaí córais bhailíochtaithe doiciméad taistil a bhunú, ar córais iad atá in ann sonraí paisinéirí*** |

| | |
|---|---|
| | ***arna dtíolacadh ag an iompróir a fhíorú go huathoibríoch.*** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) sonraí réamhfhaisnéise faoi phaisinéirí ('sonraí API') a bhailiú ag aeriompróirí ar eitiltí lasmuigh den Aontas ***agus ar eitiltí roghnaithe laistigh den Aontas***; | (a) sonraí réamhfhaisnéise faoi phaisinéirí ('sonraí API') a bhailiú ag aeriompróirí ar eitiltí lasmuigh den Aontas**.** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) sonraí API ar eitiltí lasmuigh den Aontas ***agus ar eitiltí roghnaithe laistigh den Aontas*** a aistriú ón ródaire chuig na hAonaid Fhaisnéise Paisinéirí ('PIUnna'). | (c) sonraí API ar eitiltí lasmuigh den Aontas a aistriú ón ródaire chuig na hAonaid Fhaisnéise Paisinéirí ('PIUnna'). |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le hiompróirí a dhéanann eitiltí sceidealaithe nó neamhsceidealaithe lasmuigh den Aontas ***nó ar eitiltí laistigh den Aontas***. | Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le hiompróirí a dhéanann eitiltí sceidealaithe nó neamhsceidealaithe lasmuigh den Aontas |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(c) ciallaíonn 'eitilt laistigh den Aontas' aon eitilt mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (3), de Threoir (AE) 2016/681;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe h**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (h) ciallaíonn 'taistealaí' aon duine mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe ***(i)***, de Rialachán (AE) [bainistiú teorainneacha API]; | (h) ciallaíonn 'taistealaí' aon duine mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe ***(j)***, de Rialachán (AE) [bainistiú teorainneacha API]; |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe n**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (n) ciallaíonn 'an ródaire' an ródaire mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe ***(k)*** de Rialachán (AE) [bainistiú teorainneacha API]; | (n) ciallaíonn 'an ródaire' an ródaire mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe ***(m)*** de Rialachán (AE) [bainistiú teorainneacha API]; |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Baileoidh aeriompróirí na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 4(2), pointí (a) go (d) de Rialachán (AE) [bainistiú teorainneacha API] agus úsáid á baint as modh uathoibrithe chun sonraí an doiciméid taistil atá inléite ag meaisín a | Baileoidh aeriompróirí na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 4(2), pointí (a) go (d) de Rialachán (AE) [bainistiú teorainneacha API] agus úsáid á baint as modh uathoibrithe chun sonraí an doiciméid taistil atá inléite ag meaisín a |

| | |
|---|---|
| bhailiú don taistealaí lena mbaineann. Déanfaidh siad é i gcomhréir leis na ceanglais theicniúla agus na rialacha oibriúcháin sonracha dá dtagraítear i mír 5, i gcás gur glacadh leis na rialacha sin agus go bhfuil feidhm acu. | bhailiú don taistealaí lena mbaineann. Déanfaidh siad é i gcomhréir leis na ceanglais theicniúla agus na rialacha oibriúcháin sonracha ***dá*** dtagraítear ***i*** mír 5, i gcás gur glacadh leis na rialacha sin agus go bhfuil feidhm acu. |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Aistreoidh aeriompróirí na sonraí API tráth na seiceála isteach agus díreach i ndiaidh dhúnadh na heitilte, is é sin, nuair a bheidh na taistealaithe ar bord na haerárthaí chun ullmhú le himeacht agus nuair nach féidir le taistealaithe a thuilleadh dul ar bord na haerárthaí ná imeacht uaithi. | 7. Aistreoidh aeriompróirí na sonraí API tráth na seiceála isteach agus díreach i ndiaidh dhúnadh na heitilte, is é sin, nuair a bheidh na taistealaithe ar bord na haerárthaí chun ullmhú le himeacht agus nuair nach féidir le taistealaithe a thuilleadh dul ar bord na haerárthaí ná imeacht uaithi. ***Tráth na seiceála isteach, aistreoidh aeriompróirí na sonraí API trí API idirghníomhach i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta. Gheobhaidh aeriompróirí admháil fála chuig aistriú API idirghníomhach, de réir mar is infheidhme, ag brath ar an raon feidhme.*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7 a. Fíoróidh an ródaire an gcomhlíonann na sonraí API a aistríodh chuige i gcomhréir le mír 6 de na rialacha mionsonraithe maidir leis na formáidí sonraí tacaithe. I gcás ina mbeidh sé fíoraithe ag an ródaire nach bhfuil na sonraí i gcomhréir leis na rialacha mionsonraithe, tabharfaidh an ródaire fógra láithreach agus ar bhealach uathoibrithe don aeriompróir lena*** |

|  |  |
|---|---|
|  | ***mbaineann.*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 19 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na rialacha mionsonraithe is gá a leagan síos maidir leis na prótacail choiteanna agus na formáidí sonraí inghlactha atá le húsáid chun sonraí API a aistriú chuig an ródaire dá dtagraítear i mír 6. | 9. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 19 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na rialacha mionsonraithe is gá a leagan síos maidir leis na prótacail choiteanna agus na formáidí sonraí inghlactha atá le húsáid chun sonraí API a aistriú chuig an ródaire dá dtagraítear i mír 6, ***lena n-áirítear úsáid a bhaint as réamhaisnéis faoi phaisinéirí (API) idirghníomhach le haghaidh sonraí API a aistriú ar thráth na seiceála isteach.*** |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Aistreoidh an ródaire, láithreach agus ar bhealach uathoibrithe, na sonraí API, arna n-aistriú chuige ag aeriompróirí de bhun Airteagal 4, chuig PIUnna an Bhallstáit a mbeidh an eitilt ag tuirlingt ar a chríoch nó a n-imeoidh an eitilt óna chríoch, ***nó chuig an dá cheann i gcás eitiltí laistigh den Aontas.*** I gcás go bhfuil stad amháin nó níos mó le déanamh ag eitilt i gcríoch Ballstát eile seachas an Ballstát ónar imigh sí, aistreoidh an ródaire na sonraí API chuig PIUnna na mBallstát go léir atá i gceist. | Aistreoidh an ródaire, láithreach agus ar bhealach uathoibrithe, na sonraí API, arna n-aistriú chuige ag aeriompróirí de bhun Airteagal 4, chuig PIUnna an Bhallstáit a mbeidh an eitilt ag tuirlingt ar a chríoch nó a n-imeoidh an eitilt óna chríoch. I gcás go bhfuil stad amháin nó níos mó le déanamh ag eitilt i gcríoch Ballstát eile seachas an Ballstát ónar imigh sí, aistreoidh an ródaire na sonraí API chuig PIUnna na mBallstát go léir atá i gceist. |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Le haghaidh eitiltí laistigh den Aontas, áfach, ní aistreoidh an ródaire chuig an PIU ach na sonraí API i dtaobh na n-eitiltí atá sa liosta dá dtagraítear i mír 2.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 - mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2. Maidir leis na Ballstáit a chinneann Treoir (AE) 2016/681 a chur i bhfeidhm ar eitiltí laistigh den Aontas i gcomhréir le hAirteagal 2 den Treoir sin, bunóidh gach Ballstát liosta de na heitiltí laistigh den Aontas lena mbaineann agus, faoi dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, dáta dá dtagraítear in Airteagal 21, an dara fomhír, cuirfidh siad an liosta sin ar fáil do eu-LISA. I gcomhréir le hAirteagal 2 den Treoir sin, déanfaidh na Ballstáit sin athbhreithniú rialta ar na liostaí sin agus nuashonrú orthu áit is gá agus cuirfidh siad aon liostaí nuashonraithe den sórt sin ar fáil do eu-LISA láithreach. Coinneofar faoi rún an fhaisnéis atá sna liostaí sin.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 4 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Má tá gá leis na logaí sin, áfach, le haghaidh nósanna imeachta chun monatóireacht a dhéanamh ar shlándáil | Má bhíonn na logaí sin ag teastáil le haghaidh nósanna imeachta chun faireachán a dhéanamh ar shonraí API nó |

| | |
|---|---|
| agus shláine na sonraí API nó ar dhlíthiúlacht na n-oibríochtaí próiseála, nó chun an méid sin a áirithiú, mar a thagraítear dó i mír 2, agus má tá na nósanna imeachta sin tosaithe cheana tráth a thagann deireadh leis an tréimhse ama dá dtagraítear sa chéad fhomhír, féadfaidh aeriompróirí na logaí sin a choinneáil chomh fada is gá le haghaidh na n-imeachtaí sin. Sa chás sin, scriosfaidh siad láithreach na logaí sin nuair nach mbeidh gá leo a thuilleadh le haghaidh na nósanna imeachta sin. | chun slándáil agus sláine na sonraí sin nó dlíthiúlacht na n-oibríochtaí próiseála, dá dtagraítear i mír 2, a áirithiú, agus má bhíonn tús curtha cheana leis na nósanna imeachta sin ón uair a chuaigh an tréimhse ama dá dtagraítear sa chéad fhomhír in éag, áfach, féadfaidh aeriompróirí na logaí sin a choinneáil a fhad is gá do na nósanna imeachta sin ***tar éis é a chur in iúl don Choimisiún agus bonn cirt a thabhairt dó.*** Sa chás sin, scriosfaidh siad láithreach na logaí sin nuair nach mbeidh gá leo a thuilleadh le haghaidh na nósanna imeachta sin. |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 11 a*** |
| | ***cúraimí tacaíochta eu-LISA a bhaineann leis an ródaire*** |
| | ***soláthróidh eu-LISA, arna iarraidh sin dó, tacaíocht d'údaráis inniúla teorann, do PIUnna agus d'údaráis ábhartha eile na mBallstát agus d'aeriompróirí maidir leis an nasc agus an comhtháthú leis an ródaire.*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 1 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c a) tionchar an Rialacháin seo ar eispéireas taistil taistealaithe dlisteanacha;*** |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 1 – pointe c b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c b) tionchar an Rialacháin seo ar iomaíochas na hearnála eitlíochta agus an t-ualach a thabhaíonn gnólachtaí. Tabharfar aghaidh sa tuarascáil ón gCoimisiún freisin ar idirghníomhú an Rialacháin seo le gníomhartha reachtacha ábhartha eile de chuid an Aontais, go háirithe Rialachán (AE) 2017/2226, Rialachán (AE) 2018/1240 agus Rialachán (CE) 767/2008, d'fhonn measúnú a dhéanamh ar thionchar foriomlán na n-oibleagáidí tuairiscithe gaolmhara ar aeriompróirí, forálacha a shainaithint lena bhféadfar a thabhairt cothrom le dáta agus a shimpliú, i gcás inarb iomchuí, chun an t-ualach ar aeriompróirí a mhaolú, agus gníomhaíochtaí agus bearta a mheas a d'fhéadfaí a dhéanamh chun an brú costais iomlán ar aeriompróirí a laghdú.*** |

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Réamhfhaisnéis faoi phaisinéirí a bhailiú agus a aistriú chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/818 |
| **Tagairtí** | COM(2022)0731 – C9-0427/2022 – 2022/0425(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa seisiún iomlánach | LIBE<br>13.2.2023 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa seisiún iomlánach | TRAN<br>13.2.2023 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Jan-Christoph Oetjen<br>22.2.2023 |
| **Pléite sa choiste** | 24.5.2023 |
| **Dáta a ghlactha** | 19.7.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 36<br>–: 0<br>0: 7 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Magdalena Adamowicz, Izaskun Bilbao Barandica, Karolin Braunsberger-Reinhold, Marco Campomenosi, Ciarán Cuffe, Jakop G. Dalunde, Karima Delli, Anna Deparnay-Grunenberg, Carlo Fidanza, Mario Furore, Jens Gieseke, Elsi Katainen, Kateřina Konečná, Bogusław Liberadzki, Benoît Lutgen, Marian-Jean Marinescu, Tilly Metz, Cláudia Monteiro de Aguiar, Caroline Nagtegaal, Jan-Christoph Oetjen, Rovana Plumb, Bergur Løkke Rasmussen, Dominique Riquet, Vera Tax, Barbara Thaler, István Ujhelyi, Petar Vitanov, Lucia Vuolo |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Sara Cerdas, Josianne Cutajar, Michael Gahler, Maria Grapini, Georg Mayer, Ljudmila Novak, Annalisa Tardino |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Patricia Chagnon, Lena Düpont, Svenja Hahn, Denis Nesci, Thomas Rudner, Christine Schneider, Achille Variati, Veronika Vrecionová |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 36 | + |
|---|---|
| ECR | Carlo Fidanza, Denis Nesci, Veronika Vrecionová |
| ID | Patricia Chagnon |
| NI | Mario Furore |
| PPE | Magdalena Adamowicz, Karolin Braunsberger-Reinhold, Lena Düpont, Michael Gahler, Jens Gieseke, Benoît Lutgen, Marian-Jean Marinescu, Cláudia Monteiro de Aguiar, Ljudmila Novak, Christine Schneider, Barbara Thaler, Lucia Vuolo |
| Renew | Izaskun Bilbao Barandica, Svenja Hahn, Elsi Katainen, Jan-Christoph Oetjen, Dominique Riquet |
| S&D | Sara Cerdas, Maria Grapini, Bogusław Liberadzki, Rovana Plumb, Thomas Rudner, Vera Tax, István Ujhelyi, Achille Variati, Petar Vitanov |
| Verts/ALE | Ciarán Cuffe, Jakop G. Dalunde, Karima Delli, Anna Deparnay-Grunenberg, Tilly Metz |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 7 | 0 |
|---|---|
| ID | Marco Campomenosi, Georg Mayer, Annalisa Tardino |
| Renew | Caroline Nagtegaal, Bergur Løkke Rasmussen |
| S&D | Josianne Cutajar |
| The Left | Kateřina Konečná |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

## AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Bailiú agus aistriú réamhfhaisnéise faoi phaisinéirí (API) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/818 |
| **Tagairtí** | COM(2022)0731 – C9-0427/2022 – 2022/0425(COD) |
| **Dáta tíolactha chun PE** | 14.12.2022 |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | LIBE<br>13.2.2023 |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | BUDG TRAN<br>13.2.2023 13.2.2023 |
| **Gan tuairim a thabhairt**<br>Dáta an chinnidh | BUDG<br>31.1.2023 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Assita Kanko<br>28.3.2023 |
| **Pléite sa choiste** | 2.3.2023 18.7.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 28.11.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 53<br>–: 6<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Abir Al-Sahlani, Malik Azmani, Pietro Bartolo, Theresa Bielowski, Vladimír Bilčík, Malin Björk, Vasile Blaga, Karolin Braunsberger-Reinhold, Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Annika Bruna, Damien Carême, Clare Daly, Lena Düpont, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Cornelia Ernst, Nicolaus Fest, Evin Incir, Sophia in ‘t Veld, Patryk Jaki, Marina Kaljurand, Assita Kanko, Fabienne Keller, Łukasz Kohut, Moritz Körner, Jeroen Lenaers, Juan Fernando López Aguilar, Nadine Morano, Javier Moreno Sánchez, Maite Pagazaurtundúa, Pina Picierno, Birgit Sippel, Vincenzo Sofo, Tineke Strik, Annalisa Tardino, Yana Toom, Milan Uhrík, Tom Vandendriessche, Elena Yoncheva, Javier Zarzalejos |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Daniel Freund, José Gusmão, Rasa Juknevičienė, Beata Kempa, Matjaž Nemec, Janina Ochojska, Jan-Christoph Oetjen, Kostas Papadakis, Silvia Sardone, Paul Tang, Petar Vitanov, Axel Voss, Tomáš Zdechovský |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Mathilde Androuët, Tom Berendsen, Jarosław Duda, Pär Holmgren, Andrey Kovatchev, Antonius Manders, Riho Terras |
| **Dáta don chur síos** | 7.12.2023 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 53 | + |
|---|---|
| ECR | Patryk Jaki, Assita Kanko, Beata Kempa, Vincenzo Sofo |
| ID | Mathilde Androuët, Annika Bruna, Nicolaus Fest, Silvia Sardone, Annalisa Tardino, Tom Vandendriessche |
| PPE | Tom Berendsen, Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Karolin Braunsberger-Reinhold, Jarosław Duda, Lena Düpont, Rasa Juknevičienė, Andrey Kovatchev, Jeroen Lenaers, Antonius Manders, Nadine Morano, Janina Ochojska, Riho Terras, Axel Voss, Javier Zarzalejos, Tomáš Zdechovský |
| Renew | Abir Al-Sahlani, Malik Azmani, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Sophia in 't Veld, Fabienne Keller, Moritz Körner, Jan-Christoph Oetjen, Maite Pagazaurtundúa, Yana Toom |
| S&D | Pietro Bartolo, Theresa Bielowski, Evin Incir, Marina Kaljurand, Łukasz Kohut, Juan Fernando López Aguilar, Javier Moreno Sánchez, Matjaž Nemec, Pina Picierno, Birgit Sippel, Paul Tang, Petar Vitanov, Elena Yoncheva |
| Verts/ALE | Saskia Bricmont, Damien Carême, Daniel Freund, Pär Holmgren, Tineke Strik |

| 6 | - |
|---|---|
| NI | Kostas Papadakis, Milan Uhrík |
| The Left | Clare Daly, Cornelia Ernst, José Gusmão |
| Verts/ALE | Patrick Breyer |

| 1 | 0 |
|---|---|
| The Left | Malin Björk |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh